- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Sonraí maidir le príomhrioscaí agus bearta maolaithe gaolmhara nó straitéisí atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach (RRI) mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh admháil a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Iniúcháir agus mar Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

### **Córas na rialuithe inmheánacha**

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go gcuirtear an t-iniúchadh seachtrach i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh admháil a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar Aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh atá curtha faoi bhráid an Aire.

### **Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair**

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha den Chód Cainteachais Phoiblí agus go bhfuiltear ag cloí leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus le cur chun feidhme an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

### **Cánachas**


Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an BOO a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

## Ráitis Airgeadais 2023

Tá an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta a bheidh á dhéanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cist (A&CC) tráth foilsithe Thuarascáil Bhliantúil 2023. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is féidir i ndiaidh don A&CC iad a shíniú.

### Tá sonraí airgeadais a bhaineann leis an méid seo a leanas le fáil sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil:

- Sonraí maidir le táillí neamhthuarastail íoctha i ndáil le Baill Boird a ndearnadh anailís orthu de réir na catagóire táillí
- Sonraí comhiomlána de chúiteamh príomhbhall den fhoireann bainistíochta a ndearnadh anailís orthu de réir na gcatagóirí seo a leanas lena n-áirítear cúiteamh iomlán don fhoireann bainistíochta
  - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaí eile
  - Sochair iarfhostaíochta
  - Sochair foirceanta
- Cúiteamh do bhaill den phríomhfhoireann bainistíochta más cuí
- Sonraí líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlána (seachas costas pinsin fostóra) don tréimhse thuairiscithe cothrom le idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 agus níos mó, agus figiúr foriomlán le haghaidh na ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.

Signed   
Cllr PJ O'Hara  
Cavan and Monaghan Education and Training Board

Date 14.05.2024

## 19 Tuarascáil na Stiúrthóirí

### 19.1 Scoileanna



**Paddy Flood**  
Stiúrthóir Scoileanna

Sholáthair BOOCM cúrsaí oideachais iar-bhunscoile do 6104 mac léinn in 11 scoil i rith 2023. Tugadh méadú de 303 mac léinn (5.2%) faoi deara sa bhliain reatha, agus táthar ag súil go mbeidh méadú le tabhairt faoi deara sna blianta amach romhainn freisin. Is ionann é sin agus bliain eile d'fhás suntasach ar líon na mac léinn agus ciallaíonn sé go bhfuil an sciar de gach mac léinn sa réigiún atá ag freastal ar scoil BOOCM méadaithe. Tá an fás atá tagtha ar líon na mac léinn inár scoileanna, 37%<sup>13</sup> ó bunaíodh BOOCM in 2013, dochreidte, agus is fianaise atá ann ar an ngealltanais atá tugtha againn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh chun an timpeallacht teagaisc agus foghlama a fheabhsú dár bpobail.

Tá eolas maidir leis na scoileanna agus sonraí na scoileanna le fáil thíos:

Tábla 12: Miondealú ar Rollú i Scoileanna BOOCM in 2023

Scoil	Seoladh	Rollú MF 2023	DEIS / Neamh-DEIS
<b>Coláiste Pobail Bhéal Átha Beithe</b>	Béal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin	363	Neamh-DEIS
<b>Coláiste Ard Feá</b>	Muineachán, Co. Mhuineacháin	874	DEIS
<b>Coláiste Bhréifne</b>	An Cabhán, Co. an Chabháin	895	DEIS

<sup>13</sup> Cuimsítear sa mhéadú ar líon na mac léinn ó 2013 iar-bhunscoil nua a bhunú, Coláiste Dhún an Rí in 2016



<b>Coláiste Bhaile na Lorgan</b>	Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin	406	DEIS
<b>Coláiste Dhún an Rí</b>	Dún an Rí, Co. an Chabháin	703	Neamh-DEIS
<b>Coláiste Oiriall</b>	Cnoc an Chonnaidh, Muineachán	392	Neamh-DEIS Gaelcholáiste
<b>Coláiste Inbhir</b>	Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin	670	DEIS
<b>Coláiste Learga</b>	Cluain Eois, Co. Mhuineacháin	488	DEIS
<b>Coláiste Naomh Bricín</b>	Béal Tairbirt, Co. an Chabháin	230	Neamh-DEIS
<b>Coláiste Naomh Maadhóg</b>	An Bábhún Buí, Co. an Chabháin	288	DEIS
<b>Coláiste Achadh an Iúir</b>	Achadh an Iúir, Co. an Chabháin	795	Neamh-DEIS
<b>Iomlán</b>		<b>6104</b>	

### Ceannaireacht Scoile

I rith 2023, cheap BOOCM Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí i scoileanna i gceantar BOOCM mar seo a leanas

<b>Scoil</b>	<b>Post</b>	<b>Ceapachán</b>
<b>Coláiste Inbhir</b>	Príomhoide	Sinead McColgan
<b>Coláiste Bhaile na Lorgan</b>	Príomhoide	Mary McArdle
<b>Coláiste Learga</b>	Leas-Phríomhoide	Vincent Corey
<b>Coláiste Inbhir</b>	Leas-Phríomhoide	David McHale
<b>Coláiste Ard Feá</b>	Leas-Phríomhoide	John Moylan



*Figúr 47 An tAire Heather Humphreys ar cuairt ar Choláiste Pobail Bhéal Átha Beithe chun an síneadh scoile nua a oscailt go hoifigiúil.*

## **Cosaint Leanaí**

I mí Mheán Fómhair 2023, rinneadh athbhreithniú ar Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna, agus lean scoileanna BOOCM lena chinntiú go gcuirtear na treoirínte athbhreithnithe seo chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. D'fhorbair agus coimeádann gach scoil doiciméad measúnaithe riosca agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus cinntíonn siad go mbaineann gach ball foirne ábhartha tairbhe as FGL bhunúsach i gcosaint leanaí. Tá múinteoirí ag leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as FGL atá á cur ar fáil ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Chabhraigh BOOCM le sásraí tuairiscithe oiriúnacha a fhorbairt do Bhoird Bhainistíochta (BBanna). Is próiseas leanúnach é seo agus déanann scoileanna athbhreithniú ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar bhonn bliantúil. D'fhreastail Teagmhálaithe Ainmnithe (TAnna) agus Leasteagmhálaithe Ainmnithe (LTAnna) ar FGL oiriúnach. Sholáthair BOOCM FGL oiriúnach do Bhaill Bhoird i ndáil lena fhreagrachtaí cosanta leanaí agus tá aird tarrainthe ar nósanna imeachta um chosaint leanaí sa chlár Ionduchtaithe do

mhúinteoirí nua.

## **Earcaíocht**

Reáchtáladh an próiseas earcaíochta do gach ball foirne teagaisc do scoileanna BOOCM ar líne, agus arís, baineadh úsáid as Microsoft TEAMS. Forbraíodh prótacail maidir le hagallaimh ar líne agus cuireadh oiliúint chuí ar agallóirí. Tugadh cuireadh d'iarthóirí a bhí chun agallamh a dhéanamh glao tástála a dhéanamh agus cuireadh tacaíocht ar fáil i rith an phróisis agallaimh.

## **Freagairt BOOCM don chogadh sa Úcráin**

Lean clár FOTR BOO an Chabháin agus Mhuineacháin ar aghaidh ag cabhrú le mic léinn Úcránacha agus IPASS, idir 4 agus 18 mbliain d'aois, chun rollú i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna. Ag deireadh 2023, bhí 533 leanbh ag freastal ar scoileanna i gceantar an Chabháin agus Mhuineacháin.

Tá foireann FOTR ag leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag leanaí agus ag baill foirne scoile ar an tacaíocht agus ar na seirbhísí riachtanacha. Chabhraigh acmhainní breise a chuir an Roinn Oideachais ar fáil, cosúil le huaireanta teagaisc Béarla mar Theanga Bhreise (BTB), uaireanta Teagaisc Oideachais Speisialta (TOS) agus Cúntóra Riachtanas Speisialta (CRS), go mór le lánpháirtí na leanaí seo i gcóras oideachais na hÉireann. Chomh maith leis sin, sholáthair FOTR comhairle agus tacaíocht chabhrach chun déileáil le haon saincheist a thagann chun cinn i rith rannpháirtíochta leanaí Úcránacha i scoileanna.

Bhí an comhoibriú le Comhairlí Contae an-tábhachtach i ndáil le haistriú teaghlach ó thithíocht shealadach go dtí tithíocht bhuan agus scoileanna áitiúla a éascú. Lena chois sin, chabhraigh rannpháirtíocht idir FOTR agus pearsanra ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chun aistriú agus socrúcháin scoile éifeachtacha a chinntiú do 28 teaghlach atá ag baint tairbhe as an scéim tithíochta modúlaí a osclaíodh i mbaile an Chabháin i mí Lúnasa 2023.

Contae	Líon na Mac Léinn Bunscoile	Líon na nIar-bhunscoileanna	Líon na mac léinn iar-bhunscoile	Líon na nIar-bhunscoileanna	Líon iomlán na rolluithe
An Cabhán	275	33	129	11	404
Muineachán	75	19	54	10	129
<b>Iomlán</b>	<b>350</b>	<b>52</b>	<b>183</b>	<b>21</b>	<b>533</b>

13: Rollú mac léinn Úcránach in An Cabhán agus Muineachán-

## Ionchuisiú

Tá BOOCM ag baint tairbhe as cur chuige réamhghníomhach maidir le bheith ag obair leis na gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun pleanáil a dhéanamh do sholáthar tráthúil ranganna do mhic léinn a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais (ASD) orthu sa réigiún agus, dá bharr sin, cuireadh tús le ranganna breise i gColáiste Learga agus i gColáiste Achadh an Lúir i mí Lúnasa 2023. Tá BOOCM ag leanúint ar aghaidh le pleananna a dhéanamh do sholáthar oiriúnach Oideachais Speisialta i gcomhar le CNOS.

Chomh maith leis sin, tá gealltanas tugtha ag BOOCM tacú leis na ranganna ASD trí mheitheal um Ionchuisiú a bhunú mar aon le fóram do mhúinteoirí i ranganna ASD. Tá dlús curtha ag BOOCM le soláthar do Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) faoi threoir an Dr Johanna Fitzgerald i ngach scoil in 2023. Lena chis sin, nasc líonra múinteoirí ASD BOOCM leis an Ionad Oideachais áitiúil chun acmhainní breise a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí ASD níos sine faoi thionscnamh Chiste Reach (CMMO roimhe seo). Chabhraigh maoiniú Reach le foghlaimoirí ullmhú don saol agus don obair lasmuigh den scoil.

Tairgeann BOOCM an Pholainnis mar nuatheanga iasachta do mhic léinn trí úsáid a bhaint as cur chuige atá bunaithe ar fhoghlaim chumaisc. Bíonn líon níos lú mac léinn as scoileanna difriúla ag foghlaim ar líne agus aghaidh ar aghaidh. In 2023, rinne 17 mhac léinn Polainnis don Ardteistiméireacht. Tá an clár seo á reáchtáil i gcomhpháirt le Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ). Rinneadh ceiliúradh ar Lá Polannach i scoileanna rannpháirteach ar an 23 Márta 2023.



Figiúr 48 Mic Léinn Idirbhliana Choláiste Bhaile na Lorgan ag glacadh páirt sa tionscnamh CLG do chách

## Éiteas

Tá ceannairí éitis ceaptha san 11 scoil. Rinne na Ceannairí Éitis seo cur i láthair PowerPoint maidir le hÉiteas, a d'fhorbair an Comhordaitheoir Éitis, Siobhán Sheerin, ag cruinniú foirne agus ag cruinniú den Bhord Bainistíochta i ngach scoil.

Tá Foireann Éitis BOOCM bunaithe agus reáchtáladh sé chruinniú Teams ar líne in 2023. Roinntear na hacmhainní ar fad ar an ardán seo, mar shampla, cuir i láthair PowerPoint, iatáin do dhialanna scoile, smaointe do chomórtas agus smaointe do ghradaim. Seoladh cáca ceiliúrtha do gach scoil chun an Lá Éitis a cheiliúradh. Ordaíodh láinnéir éitis do gach scoil.



Figiúr 49 Éiteas agus bunluachanna Scoileanna BOO

Rinne gach scoil ceiliúradh ar Lá Éitis ar a mbealach féin le múrphictiúir, quizeanna, picnicí, comórtais ealaíon agus filíochta, gníomhartha cineálta fánacha, taispeántais grianghraf agus mar sin de.

Tá dhá scoil, Coláiste Ard Feá agus Coláiste Naomh Bricín, ag teagasc an churaclaim *Féiniúlacht agus Ilchreideamh agus Luachanna* do ranganna na chéad bhliana. Tá sé beartaithe ag Coláiste Bhaile na Lorgan tús a chur leis an gcuraclam seo a theagasc an bhliain seo chugainn.

Freastalaíonn Ceannasaí Éitis BOOCM, Siobhán Sheerin, ar sheisiúin i gCeannteathrú BOOÉ chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí aici maidir le forbairtí náisiúnta agus chun líonrú le ceannasaithe Éitis BOO eile.



Figiúr 50 Bronnadh Bratach Ómra Pieta ar Choláiste Naomh Bricín as a thiomantas tacú le meabhairshláinte dhearfach



*Figiúr 51 Buaiteoirí Díospóireachta Uile-Éireann Choláiste Learga*



*Figiúr 52 BOOCM ag óstáil Ceardlann Táthúcháin Réaltachta Fíorúla do mhic léinn Mheánscoile áitiúla*

## Ealaíona, Ceol agus Amharclann

### Glúin an Cheoil

Tá Glúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin i ndiaidh clár fadtéarmach a chur ar fáil do bhreis is 2,219 Leanbh agus Duine Óg (LDÓ) ar bhonn seachtainiúil i scoileanna agus sa phobal. Thug Glúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin deis do 8,652 LDÓ páirt a ghlacadh i gcláir thaibhithe cheoil in 2023.

Tábla 14: Miondealú ar na seisiúin a chuir Glúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin ar fáil in 2023.

Líon na mbunscoileanna inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	33
Líon na suíomhanna cúraim leanaí inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	3
Líon na n-iarbhunscoileanna inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	2
Líon na Scoileanna Speisialta inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	1
Líon na mol pobail inar cuireadh seisiúin sheachtainiúla ar fáil	2

### Buaicphointí Ghlúin an Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin 2023

151 <sup>ú</sup> Sárthaispeántas Mhol Samhraidh Ghlúin an Cheoil i Halla Baile an Chabháin	Mol Traidisiúnta ag a raibh Clár a bhí dírithe ar an bPíob Uilleann, an Chruit, an Fheadóg agus an Fhidil á dtairiscint	Turas <i>Music on Wheels</i>
Moil Scoile i gColáiste Ard Feá agus Coláiste Inbhir ag tairiscint clár a bhí dírithe ar na Drumaí, an Giotár agus an Méarchlár.	Clár Ensemble Cruit na Sóisear	Clár Banna Mór Tradoodle
'A Deep Ravine' - Ceolfhoireann Tíre Trasteorann	Ceardlanna Ucailéile/Gutha Fhoróige	Lá Fáiltithe Phobal na hÚcráine (taibhiú le Banna Mór Tradoodle)
<i>Come Sing With Us</i> - Cór Sóisearach do leanaí idir 7-11 bhliain d'aois	<i>Bounce Back</i> – Ceardlanna Taifeadta Ceoil	Cruinniú na nÓg i gcomhpháirt le Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Contae Mhuineacháin
Ceardlanna Ceol Tíre agus	Turas <i>Songtales</i>	Ceolfhoireann <i>Creative</i>



Rac-cheoil		<i>Sounds</i>
Lá Náisiúnta na Cruite	Féile Oriel	Imeachtaí Bain Triail as “an Phíb Uileann”
Oíche Chultúir – <i>Come and Play</i> i gcomhpháirt le Ceolfhoireann Óige an Chabháin	<i>Cottage Market “Come and Try”</i>	Turas Cruite – Ceiliúradh ar Edward Bunting



Figiúr 53 Banna Mór Tradoodle, a chuaigh i bhfeidhm go mór ar gach duine ag Féile Tradoodle lena thaibhiú iontach

### ***A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland,' - Ceolfhoireann Tíre Trasteorann Ghluín an Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin***

Chun ceiliúradh mór a dhéanamh ar chomhoibriú cultúrtha, cúis bhróid do Ghluín an Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin 'A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland,' a chur i láthair, saothar ceoil a raibh breis is 100 ceoltóir óg as contaetha na teorann páirteach ann. Chuir an t-imeacht uathúil seo ar bhealach cumhachtach le comóradh Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023.

Ba é an ceoltóir, cumadóir agus léiritheoir ceoil aitheanta, Michael Rooney, a

choimisiúnaigh an saothar ceoil nuálacha seo agus san áireamh ann bhí script a bhí scríofa ag an scríbhneoir cáiliúil, Tommy Mc Ardle. I rith an tsaothair seo insíodh scéal an cineáil saoil a chaitear ag an teorainn, agus freagairt chruthaitheach dhomhain a bhí ann do dheireadh le ré na críochdheighilte, saothar a thug léargas níos doimhne don phobal ar na himeachtaí suntasacha a tharla an t-am sin. Spreagadh an lucht féachana chun machnamh a dhéanamh ar shaol daoine a bhí ina gcónaí 100 bliain ó shin ar an teorainn nuabhunaithe, tráth ar bunaíodh dhá stát ar leithligh, Thuaidh agus Theas.

Thug baill chumasacha Cheolfhoireann Tíre Trasteorann nuabhunaithe Ghlúin an Cheoil an Chabháin/Mhuineacháin an saothar seo chun beochta. Bhí ceoltóirí óga as An Cabhán, Muineachán, Tír Eoghain, Fear Manach, Albain agus an Úcráin ina measc agus tugadh léargas ar raon leathan seánraí ceoil. Ina dteannta bhí aisteoirí áitiúla cumasacha as Muineachán agus An Cabhán, agus ba é óstach RTÉ agus 'Fear an Tí' Sean Rocks a bhí freagrach as na himeachtaí a threorú.

Bhí an taibhiú ar siúl laistigh de *The Magical Spiegeltent*, atá lonnaithe in Hilton Park i gCluain Eois, Contae Mhuineacháin. Roghnaíodh an t-ionad seo chun a chinntiú go mbeifí dílis don atmaisféar a bhaineann le bheith suite díreach ar an teorainn.



Figiúr 54 A Deep Ravine: Reflections on a Divided Ireland mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023

## Amharclann

I mí Mheán Fómhair 2023, bhí Amharclann Gharáiste ag ceiliúradh 30 Bliain a Bhunaithe agus mar chuid den cheiliúradh d'eagraigh sé seó ilsiamsa saor in aisce thar dhá oíche. Chomh maith leis sin, d'óstáil Amharclann Gharáiste dhá chlár iomlána imeachtaí i rith na bliana, agus taibhíodh breis is 80 seó.

Tá 160 ball páirteach in Amharclann na nÓg, Amharclann Gharáiste, anois agus táthar ag leanúint ar aghaidh le dhá cheardlann a reáchtáil gach seachtain do 4 ghrúpa dhifriúla de bhaill d'Amharclann na nÓg. I rith na laethanta saoire i rith na Cásca, an tSamhraidh agus Oíche Shamhna, bhí na Campaí Drámaíochta lán.

Chomh maith leis sin, eagraíonn Amharclann Gharáiste seirbhís Ealaíon Ghairmiúil, trí lá sa tseachtain, do Sheirbhísí Míchumais FSS.

Bíonn an Caifé in Amharclann Gharáiste oscailte go laethúil chun tacú le riachtanais lónadóireachta Institiúid Mhuineacháin agus Choláiste Oiriall.

Nuashonraíodh suíomh gréasáin Amharclann Gharáiste in 2023 agus cuireadh Plean Straitéiseach 3 bliana i gcrích i gcomhair na tréimhse 2024-2027.

Le cois gach rud atá thuasluaite, cuireadh an Amharclann, an Seomra Cleachtaidh agus an Stiúideo Ealaine ar fáil go rialta le haghaidh comhdhálacha, ranganna ealaíne, ranganna damhsa agus cruinnithe in 2023.



*Figiúr 55 An Oíche Chultúir in Amharclann Gharáiste tráth a raibh 30 bliain ar an bhfód á cheiliúradh*

## Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna



**An Dr Linda Pinkster**  
**An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna**

Soláthraíonn Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) BOOCM raon leathan clár lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin, cláir a thugann deiseanna foghlama luachmhara dóibh siúd atá 16 bhliain d'aois agus níos sine. Is cláir ghairmoiliúna den chuid is mó iad seo, mar shampla, cláir atá bunaithe ar chúram leanaí, cúram sláinte, TFC, innealtóireacht, cláir a chabhraíonn le daoine deiseanna fostaíochta a aimsiú. Ar an gcuma chéanna, is féidir díriú ar chláir ardoideachais i ndiaidh cláir BO a chur i gcrích (mar shampla, cláir in Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta / Ollscoileanna Teicneolaíochta).

Tá cúig sheirbhís ar leith á cur ar fáil ag BO BOOCM:

- vi. **Dhá Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna (BO)** – Institiúid an Chabháin agus Institiúid Mhuineacháin – a sholáthraíonn cláir scileanna ghairmoiliúna ag Leibhéal 5 agus ag Leibhéal 6 DCC
- vii. **Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh** – raon clár scileanna páirtaimseartha bunúsacha agus gairmoiliúna agus caithimh aimsire a chur ar fáil ag Leibhéal 1 - 6
- viii. **Seirbhísí Oiliúna** – cuimsítear anseo an tSeirbhís Printíseachta, Cláir Oiliúna i Sainscileanna, Cúrsaí Oiliúna, Slabhra Soláthair, Ionad Lóistíochta agus Soláthair, Cúrsaí sa Tráthnóna, Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla agus Soláthraithe Oiliúna Speisialtóra
- ix. **Ógtheagmháil** - Sé Ionad Ógtheagmhála a sholáthraíonn raon leathan clár deimhnithe do luathfhágálaithe scoile
- x. **Oideachas Príosúin** ag Príosún Oscailte Theach an Locháin, An Cabhán

Tá Seirbhís BO BOOCM éagsúil agus forleathan agus tá cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, le teastas agus gan teastas, á gcur ar fáil i bpobail uirbeacha agus thuaithe ar fud an dá chontae. Bliain an-dearfach do BO BOOCM ba ea 2023, bliain inar cuireadh leis an soláthar agus inar bhain breis is 10,500 foghlaimoír tairbhe as cláir.



Figiúr 56 Searmanas Bronnta na gCúrsaí Oideachais d'Aosaigh 2023



Figiúr 57D'oibrigh Printseacht Innealtóireachta OEM le Iannród Éireann chun an clár Printseachta a thairiscint chun oiliúint a chur ar phrintísigh i réimse na hinnealtóireachta OEM.



*Figiúr 58Sheol BOOCM, i gcompháirt le Coláiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis Teagasc cúrsa oiliúna nua lompróra Foraoiseachta.*

## **Straitéis BO agus an Comhaontú Feidhmíochta Straitéiseach**

I rith 2023, leanadh ar aghaidh ag obair ar chur chun feidhme na Straitéise BO. Tugadh tús áite do thrí réimse agus leanadh leis an obair sna réimsí sin:

- Forbraíodh Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí chomhsheasmhach do gach foghlaimeoir BO
- Breis lánpháirtithe agus comhordaithe ar Sheirbhísí Rannpháirtíocht le Fostóirí
- Breithniú a dhéanamh ar bhranda agus ar aitheantas comhroinnte a fhorbairt do sheirbhísí BO BOOCM



*Figiúr 59 D'éirigh go breá le mic léinn Choláiste Inbhir agus Choláiste Dhún an Rí ag comórtas "Cócaire Óg na Bliana" in Institiúid an Chabháin*

Ghlac BOOCM páirt i gComhaontú Feidhmíochta Straitéiseach (CFS) le Solas a chlúdaigh an tréimhse idir 2022–2024. Leagtar amach sa chomhaontú seo spriocanna i raon réimsí ba cheart do BOOCM a chomhlíonadh. Is léir ó shonraí dheireadh na bliana i gcomhair 2023 gur comhlíonadh na spriocanna agus gur sáraíodh cuid acu fiú. Tá BOOCM ag súil le cur leis an obair seo in 2024 agus ina dhiaidh sin.

Tábla 16: Spriocanna Straitéis BO agus a n-éachtaí in 2023

Sprioc an Chomhaontaithe Feidhmíochta Straitéiseach (BOOCM & Solas)	Sprioc 2023 Comhlíonta
1. Scileanna le Críochnú	102%
2. Dul Chun Cinn laistigh de BO	119%
3. Tras-scileanna	127%
4. Rannpháirtíocht a Leathnú	106%
5. Litearthacht Aosaigh don saol	100%
6. Foghlaim ar feadh an tSaoil	121%
7. Scileanna atá le Forbairt	119%
8. Riachtanais Príomhscileanna	108%
9. Scileanna Glasa do Chách	68%



Figúr 60 Sheol Printíseacht Guagaireachta BOOCM Salón nua in Institiúid an Chabháin

### Forbairtí Nua in 2023

In 2023 eagraíodh roinnt tionscnamh agus clár nua agus bunaíodh dhá Sheirbhís nua:

#### 3. Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí Sheirbhísí BO BOOCM

I mí Eanáir 2022, bhunaigh seirbhísí BO BOOCM Oifig Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí agus é mar aidhm tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí ar fud sheirbhísí BO a chaighdeánú. I rith 2023,



forbraíodh raon tionscnamh lena n-áirítear:

- **Forbairt Beartais:** Forbraíodh Beartas um Chóiríocht Réasúnta d'Fhoghlaimeoirí atá faoi Mhíchumas Sheirbhísí BO BOOCM. Déantar cur síos sa bheartas seo ar an bpróiseas agus ar na nósanna imeachta a bhaineann le cóiríocht réasúnach a thairiscint d'fhoghlaimeoirí i ndiaidh dóibh a chur in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas.
- **An Próiseas Measúnaithe Riachtanas:** Ainmníodh 14 Measúnaithe Riachtanas: i Seirbhísí BO agus forbraíodh Próiseas Measúnaithe Riachtanas: Sholáthair baill foirne RSO Institiúid an Chabháin cúrsaí oiliúna do Mheasúnoirí Riachtanas.
- **Leabharlann Eolais faoi Fheasacht Míchumais:** Forbraíodh Treoir agus Leabhrán Eolais do bhaill foirne atá ag obair le foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas.
- **Measúnuithe Oideachais:** Rochtain ar Mheasúnuithe Oideachais a thabhairt d'fhoghlaimeoirí nach raibh an deis acu riamh tairbhe a bhaint as measúnú do mhíchumas foghlama – eagraítear an t-atreorú tríd an tSeirbhís Treorach.
- **An Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí:** Cuireadh ar chumas foghlaimeoirí a raibh fadhbanna airgeadais acu rochtain a fháil ar chiste beag chun íoc as ábhair chúrsa agus as córas iompair.
- **Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil:** Seisiúin F&FG maidir le Feasacht Uathachais agus Feasacht Disléicse
- **Cóiríocht Réasúnach:** Cóiríocht réasúnach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí BO a chuir in iúl go bhfuil siad faoi mhíchumas e.g., Notetaker, iarratas ar am breise, Ateangaire TCÉ, iompar, teicneolaíocht chúnta, cúntóirí pearsanta, gléas ar iasacht.
- **Mol Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí:** lean foghlaimeoirí ar aghaidh le tairbhe a bhaint as tacaíocht aghaidh ar aghaidh ag sé shuíomh ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin. Tá tacaíocht ar fáil freisin trí TEAMS/ZOOM agus ar ár mol digiteach ar shuíomh gréasáin BOOCM.

### **Tacaíochtaí Folláine**

- **Tionscadal Píolótach Comhairleoireachta Ar an Láthair:** Bunaíodh comhairleoireacht ar an láthair in Institiúid an Chabháin agus in Institiúid Mhuineacháin d'fhoghlaimeoirí ar farr leo rochtain a fháil ar chomhairleoireacht

ar an láthair. Leanadh ar aghaidh le comhairleoireacht lasmuigh den láthair a chur ar fáil trí shocrú a dhéanamh leis na hIonaid Acmhainní do Theaghlaigh áitiúla.

- **Ógtheagmháil:**

Cuireadh tús le Tionscadal Píolótach Meantóireachta d'Fhoghlaimeoirí (TRSO - Tionscnamh Riachtanas Speisialta Oideachais) in dhá Ionad Ógtheagmhála roghnaithe.

Cuireadh líon níos mó uaireanta comhairleora ar fáil don cheithre Ionad Ógtheagmhála eile.

- **Imeachtaí Folláine:** Eagraíodh Seimineáir Folláine, e.g., 'Cothú, Codladh agus Hiodráitiú do Mheabhairshláinte Mhaith' agus 'Aire a thabhairt do d'Fholláine ag Am Nollag'.

- **Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil:** cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do Sheaimpíní Folláine e.g., an clár Tacadóirí *Suicide or Survive*.

- **Laghú Táillí:** Mar thoradh ar phríomhghníomh in 2022 laghdaíodh táillí CIA agus costais ábhar cúrsa agus bhí táille chothrom de €200 le híoc do gach clár. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscnamh seo inrochtaineacht a fheabhsú agus tacú le breis rannpháirtíochta agus baineadh neart tairbhe as. Leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh seo i rith 2023.

#### **4. Ionad Bairr Feabhais Lóistíochta agus Soláthair Slabhra Soláthair (LSSS)**

Is comhthionscadal idir Fiontraíocht Éireann agus Solas é LSSS a chuir ar chumas BOOCM ionad tiomnaithe lánfheistithe a bhunú agus raon cúrsaí oiliúna don earnáil seo a chur ar fáil.

Rinneadh go leor dul chun cinn in 2023 tráth ar cuireadh áitreabh nua ar fáil agus ar méadaíodh an soláthar. Fuarthas áitreabh cosúil le teach trádstórais ina bhfuil 7,000 troigh chearnach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath in An Cabhán díreach trasna ó Champas BO. Cuireadh tús leis an obair in 2023 chun an teicneolaíocht is déanaí déantúsaíochta agus trádstórála a chur ar fáil san ionad agus seomra ranga, oifig etc. nua a shuiteáil. Tá an t-ionad anois in úsáid mar Ionad Barra Feabhais do Shlabhra Soláthair, Lóistíocht agus Soláthar.

Fuarthas dhá lonsamhlóir Gluaisne Leoraí i mí Aibreáin 2023, agus tá na hionsamhlóirí seo in úsáid le haghaidh cúrsaí a bhaineann le tiomáint Trucailí Dochta, Altacha agus Bus/Cóiste faoi láthair. Tugann na hlonsamhlóirí deis don fhoghlaimeoir taithí a fháil ar

uirilis ardoiliúna a úsáid chun a scileanna tiomána a fheabhsú i dtimpeallacht shábháilte agus shlán.

Lean LSSS ar aghaidh ag tairiscint cúrsaí a bhain le tiomáint Trucaílí Dochta, Altacha agus Bus/Cóiste. In 2023, fuair thart ar 170 foghlaimeoir a gceadúnas tiomána i ndiaidh dóibh na cúrsaí páirtaimseartha seo a dhéanamh, agus tá siad ag freastal ar thionscal a bhfuil ganntanas suntasach tiománaithe gairmiúla ar fáil do. Tá LSSS ag tabhairt deis ar leith d'fhoghlaimeoirí chun a gceadúnas tiomána a fháil laistigh de thréimhse 9 seachtaine, agus ar an tsíl sin, an brú atá ar chuideachtaí iompair áitiúla atá ag streachailt chun tiománaithe a earcú faoi láthair a laghdú.

Mar aon leis na cúrsaí tiomána páirtaimseartha thuasluaite, i rith 2023, sholáthair LSSS cúrsaí cosúil le Cúrsaí Oiliúna HGV, Ceannach & Soláthar, Lóistíocht agus Dáileadh, Oibríochtaí Slabhra Soláthair, Cúrsaí Oiliúna Forcardaitheora agus Tiomáint Éiceolaíoch le Cúnamh Digiteach.

Cuireadh an clár LSSS i Scoileanna ar fáil do thart ar 500 mac léinn Idirbhliana agus Ardeistiméireachta Feidhmí i scoileanna in An Cabhán & Muineachán in 2023.

In 2023, bunaíodh caidreamh tábhachtach leis an tionscal áitiúil i réigiún an Chabháin agus Mhuineacháin trí shainchúrsaí oiliúna a chur ar fáil i ndáil le Slabhra Soláthair, Lóistíocht agus Soláthar. Cabhróidh an caidreamh seo le hIonad Bairr Feabhais LSSS fás in 2024, trí thairbhe a bhaint as eolas agus as saineolas na saineolaithe tionscail seo, ionas gur féidir oiliúint speisialaithe agus cothrom le dáta a theastaíonn ón tionscal a chur ar fáil i réigiún an Chabháin agus Mhuineacháin.



*Figiúr 61 Saoráid Oiliúna Forcardaitheora san Ionad LSSS nua*



Figiúr 62 Lonsamhlóirí Tiomána san ionad LSSS nua

### Freagairt don Ghéarchéim sa Úcráin

Bhí an cogadh a bhris amach sa Úcráin agus an líon daoine a tháinig go hÉirinn ar thóir dídine dá bharr, mar bhonn le méadú suntasach ar an éileamh a bhí ar Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE). Lean foireann Oideachais d'Aosaigh BOOCM le freagairt thapa agus thacúil a sholáthar trí chúrsaí oiliúna BCTE a chur ar fáil do bhreis is 600 foghlaimeoir in 2023.

Rinne baill foirne bhreise cúrsaí uasoiliúna / earcaíodh baill foirne bhreise chun freastal ar an éileamh méadaitheach a bhí ar BCTE. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don obair seo, d'fhorbair BOOCM cláir shaincheaptha do BCTE agus leagadh béim ar leith ar leibhéal níos ísle, agus díriodh ar dhaoine nach raibh aon litearthacht nó litearthacht íseal acu ina dteanga dhúchais. Mar thoradh ar an obair seo forbraíodh clár deimhnithe BCTE Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ar ceadaíodh é a chur faoi bhráid DCC chun críche bailíochtaithe, mar aon le nasc-chlár neamhchreidiúnaithe. Beidh na cláir seo ar fáil le roinnt leis na earnáil BO trí chéile in 2024.

### Tionscadail Chaipitil

In 2023 rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le tionscadail chaipitil BO, lena n-áirítear:

- Osclaíodh go hoifigiúil aonaid mhodúlacha Institiúid an Chabháin ag an gCampas BO
- Aistríodh Ógtheagmháil Charraig Mhachaire Rois go dtí áitreabh mór nua, athchóirithe
- Aimsíodh áitreabh agus fuarthas maoiniú (d'oibreacha athchóirithe agus feistithe)

chun saoráidí oiliúna printíseachta a fhorbairt i mBaile Mhuineacháin

- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe fuinnimh in dhá Ionad Ógtheagmhála
- Forbraíodh Straitéis Eastát ina leagtar amach pleananna gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha d'Eastát BO agus cuireadh an straitéis faoi bhráid Solas agus RBATNE
- Forbraíodh aighneacht mhór chun dlús a chur le Coláiste na Todhchaí in An Cabhán
- Leanadh ar aghaidh le hoibreacha deisiúcháin, cothabhála agus le huasghráduithe ar shaoráidí BO in An Cabhán agus Muineachán
- Ceannaíodh trealamh nua agus athsholáthair chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag foghlaimeoirí ar an teicneolaíocht is déanaí agus ar shaoráidí ar ardchaighdeán

### **Maoiniú REACH**

In 2023, bronnadh maoiniú sa bhreis ar €425,000 ar BOOCM chun déileáil le míbhuntáiste oideachasúil. Leithdháil BOOCM an maoiniú seo ar Solas mar chuid de Chiste REACH. Thacaigh an maoiniú seo le feidhmiú an Chiste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí agus chuir sé cúnaimh deontais ar fáil do roinnt tionscadal pobail. Cuireadh deontais ar fáil do 21 Grúpa agus seirbhís pobail in An Cabhán agus Muineachán agus tá obair déanta acu chun a gcuid tionscadal a chur i bhfeidhm. Bhí na tionscadail dírithe ar gach aoisghrúpa agus páirteach iontu bhí grúpaí óige/sinsearacha, grúpaí den Lucht Siúil, grúpaí dídeanaithe agus grúpaí pobail.

Lena chois sin, tacaíodh le 306 foghlaimeoir tríd an gCiste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí.

### **Seirbhísí don Aos Óg**

Sholáthair an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) méadú bonnlíne 3% do BOOCM don Deontas don Obair Óige ('Feidhm na hOibre Óige' roimhe seo) in 2023 agus méadú bonnlíne 3% do gach tionscadal a bhí á stiúradh ag baill foirne faoina Scéim UBU - Do Áit Do Spás agus faoi Scéim an Lárionaid Eolais don Ógra (LEÓ). I measc an mhaoinithe scéime eile a bhí á riar ag BOOCManna bhí Leithdháileadh Scéim Deontais an Chlub Óige Áitiúil, Caipitil Óige agus Tionscnamh Spriocdhírthe Infhostaitheachta Óige.

In 2023 cuireadh Ceanglas Seirbhísí Anailíse Riachtanas Próifíle Ceantair (CSARPC) i gcrích mar chuid den ullmhúchán do Thimthriall UBU 2, a gcuirfear tús leis in 2024. Cheadaigh RLCMLÓ cúig CSARPC.

Tacaíodh le heagraíochtaí pobail agus óige chun páirt a ghlacadh in agus chun maoiniú a fháil faoi Chiste REACH (ar a tugadh an Scéim um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú roimhe seo go foirmiúil). Chabhraigh an obair seo le grúpaí Óige agus Pobail ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin chun deontais a fháil chun tacú leis na daoine óga sin ina n-ionaid a raibh sé deacair ‘teagmháil a dhéanamh leo’, a bhí ‘imeallaithe’ agus a bhí ‘scartha ón gcóras oideachais’.

Lena chois sin, in 2023 leanadh ar aghaidh leis an Tionscamh Phláinéad na nÓg a rolladh amach. Ceann de thorthaí díreacha ár dTuairisceáin Sonraí ba ea iarratas rathúil ar mhaoiniú a chur faoi bhráid na Roinne don Chomhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil. Ba é BOOCM an 7<sup>ú</sup> BOO sa tír a fuair maoiniú don tionscnamh seo rud ba chúis le hacmhainní breise agus le baill foirne bhreise a bheith á bhfostú sa réigiún, rud a chumasaigh rochtain daoine óga ó phobail ar deacair teagmháil a dhéanamh leo agus pobail imeallaithe ar na hEalaíona a Chumasú.

Cuireadh tús le tionscadal píolótach dar teideal Gníomhaíochtaí Am Caithimh Aimsire Phláinéad na Óg in 2023, i gcomhpháirt le 10 meánscoil ar fud an réigiúin. Anseo, cuirtear deiseanna d'Am Caithimh Aimsire ar fáil do dhaoine óga ina dtimpeallacht scoile, lasmuigh d'uaireanta scoile – rud a sholáthraíonn deiseanna breise do gach duine agus a chuireann deireadh le bacainní ar rannpháirtíocht cosúil le hiompar, táillí, costais éascaitheoirí, bia etc. Fuarthas maoiniú sa cheantar áitiúil chun tacú le bunú na gclár seo i ngach ceann den 10 gceantar lena n-áirítear Éire na Sláinte an Chabháin agus Mhuineacháin, Comhpháirtíocht Spóirt, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga an Chabháin agus Mhuineacháin



Figiúr 63 Daoine Óga ó Choláiste Bhréifne ag glacadh páirt sa Chlár Gníomhaíochta Am Caithimh Aimsire Iarscoile



Figiúr 64 Daoine Óga ó Choláiste Ard Feá ag glacadh páirt sa Chlár Gníomhaíochta Am Caithimh Aimsire Iarscoile

## Measúnú ar Rialachas agus ar Chomhlíonadh i Seirbhísí Óige

Leanamar ar aghaidh lenár Seicliosta Rialachais agus Comhlíonta Seirbhísí Óige a rolladh amach in 2023 agus ghlac príomheagraíocht eile a raibh maoiniú náisiúnta á fáil aici páirt san obair. Is bealach é an cleachtadh seo chun a chinntiú go bhfuil BOOCM ag feidhmiú mar ghníomhaire gníomhach chun a chinntiú go bhfuil a gcuid oibleagáidí maoinithe á gcomhlíonadh ag gach faighteoir deontais mar aon leis an reachtaíocht ábhartha, imlitreacha, Cóid Rialachais agus an Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse (CLS) atá sínithe le BOOCM.

## An Clár PEACEPLUS

Bliain ghnóthach ba ea 2023 chomh fada is a bhain le pleanáil, comhairliúchán agus ullmhú aighneachtaí cláir do mhaoiniú SEUPB agus PEACEPLUS. Bhí Seirbhísí Óige BOOCM páirteach san obair mar 'Ceannaire/Comhpháirtí' in 4 Chlár PEACEPLUS – 2 chlár go Díreach trí Ghairmeacha Oscailte ar SEUPB agus 2 chlár trí Chomhpháirtíochtaí PEACE Údaráis Áitiúil. I mí na Nollag 2023, fuarthas dea-scéala maidir leis an gcéad tionscadal a cuireadh ar fáil faoin 'Próiseas Gairme Oscailte' agus tugadh cead do BOOCM tús a chur le gníomhaíocht maidir le 3 chlár nua a chruthú don réigiún, a fhostóidh 6.5 bhall foirne.

Líon	Gníomh/Ainm an Tionscadail	Soláthar Foirne
1.	Roghanna malartacha	2 Bhall Foirne LA
2.	Roghanna	2 Bhall Foirne LA
3.	Face Off	2 24 HR Staff
4.	Riarachán	P/A Grád VI

## Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil

In 2023 ba é BOOCM an 7<sup>ú</sup> réigiún a sheol [Comhpháirtíocht Óige Ildánach Áitiúil](#) (COIÁ) i gcomhar le Clár Éire Ildánach. Tugann COIÁ le chéile acmhainní chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha lasmuigh den scoil a fhorbairt agus a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga, gníomhaíochtaí a chuireann le agus a oibríonn leis na suíomhanna scoile foirmiúla ar bhealach neamh-phríomhshrutha, agus a thugann chun beochta fíis Phlean Óige Ildánach an Rialtais – poitéinseal cruthaitheach gach linbh agus gach duine óig a chumasú.

Is é an cuspóir atá ann cláir a chruthú a fhreagraíonn do riachtanais, leasanna agus eispéiris daoine óga i suíomhanna ‘lasmuigh den scoil’, agus leagtar béim ar leith ar dhaoine óga atá imeallaithe nó atá ag déileáil le míbhuntáiste ionas gur féidir tacú leo feidhmiú mar ghníomhairí athraithe laistigh dá bpobail áitiúla. Tá an sprioc-aoisraon do COIÁ an Chabháin agus Mhuineacháin dírithe ar dhaoine óga atá idir 0-24 bhliain d'aois.

## Tionscadail Chruthaitheacha 2023

Cór Daoine Óga Chluain Eois	Cór daoine óg nua mar chuid de thionscadal UBU ar a dtugtar <i>Include Youth Service</i> a rinne dhá thaibhiú lena n-áirítear nuair a bhí Soilse na Nollag á gcur ar siúl i gCluain Eois agus i rith imeacht chun airgead a bhailiú do charthanachtaí.
<i>Wonder Youth Theatre</i>	Ceardlanna amharclainne do dhaoine óga nach mbíonn a nguth le cloistéáil go minic agus léiriú stáitse ar a dtugtar ‘Happy Ever After Cinders’
Podchraoladh <i>Youthers</i>	Grúpa podchraolta a chruthú leis an Lárionad Eolais don Ógra ar a dtugtar <i>Youthers</i> CMX. Eiseoidh an grúpa podchraoltaí míosúla a bhaineann le saincheisteanna agus le topaicí a bhfuil tionchar acu ar dhaoine óga i gCarraig Mhachaire Rois.
Ceachtanna Ceoil don Phobal Romach	Ceachtanna ceoil don Phobal Romach atá nasctha le <i>Youthers</i> CMX chun daoine óga ón bPobal Romach a nascadh leis an bpobal trí chéile.
<i>Unseen Ballyjamesduff &amp; Belturbet</i>	Tionscadal grianghrafadóireachta a thug deis do dhaoine óga léargas a thabhairt ar a bpobal féin, léargas a thabhairt ar a dtuairim féin faoina bpobal féin agus an méid a fheiceann siad trína súil féin.



Tionscadal Ceoil BBWC	Léiriú ceoil le <i>CMC Music Education</i> - deis foghlaim faoi cheol a chur in eagar agus ceoil a chruthú mar aon le fuaimrianta taca do thionscadail scannáin.
Ranganna Ealaíne do Thuismitheoirí & do Lapadáin	Ranganna ealaíne do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus leanaí/barda chun buneolas a roinnt le leanaí maidir le teicnící agus meáin agus deis a thabhairt dóibh píosa spraoi a bheith acu i suíomh compordach.
ÓT Bhaile na Lorgan - <i>Creative Spark</i>	Ceardlanna faoi Ródaire RRU & Cianachló
Lá Cúraim / Tionscadal Grianghrafadóireachta	Ceardlanna grianghrafadóireachta do dhaoine óga a bhfuil taithí acu ar chúram ó An Cabhán agus Muineachán chun scrúdú a dhéanamh ar choincheap an 'chúraim' agus an 'phobail' agus deis taispeántas a eagrú ag deireadh na gceardlann.
Tionscadal Cruthaitheach Múrphictiúir faoi Chúram	Tugadh deis do dhaoine óga múrphictiúr nua a dhearadh agus a chruthú dá spás féin mar chuid de thionscadal Faisnéise Óige i mBaile na Lorgan
Cór Nollag Thulaigh Bhinn	Tionscadal idirghlúine do dhaoine óga chun deis a thabhairt dóibh bualadh le baill eile den phobal agus curfá Nollag a chanadh.
Oíche Scannán do Phobal na hÚcráine	Oíche scannán do theaghlaigh ón Úcráin as ar fud an Chabháin & Mhuineacháin chun deis a thabhairt dóibh féachaint ar scannán Nollag ina dteanga féin.
San Clár - tionscadal <i>Clayotic</i>	Ceardlanna <i>Clayotic</i> (marla a aerthriomú) do leanaí bunscoile i gclub iarscoile.
TIG Mhuineacháin - péinteáil aghaidheanna	Péinteáil aghaidheanna & agus cruthú balún le daoine óga ó phobal an Lucht Siúil
Tionscadal BÁCÁLA Bhéal Átha Beithe	Deis do dhaoine óga foghlaim conas cácaí agus rudaí milse eile a bhácáil



Figiúr 65 Daoine Óga ón Úcráin ag glacadh páirt i gClár Róbataice faoi COIÁ



Figiúr 66 Daoine Óga ag glacadh páirt i dTionscadal Ealaíne Múrphictiúir faoi COIÁ



Figiúr 67 Daoine Óga ó Ghluaiseacht Phobal an Lucht Siúil an Chabháin ag glacadh páirt i gCeiliúradh Pobail ar a Stair Eitneach faoi COIÁ



Figiúr 68 Daoine Óga ón Pobal Romach nua i nDeisceart Mhuineacháin ag glacadh páirt i gClár Cóir faoin COIÁ

## Deontais Óige Ildánach 2023

Leithdháileadh naoi nDeontas Óige Ildánach in 2023 ar raon eagraíochtaí chun ceardlanna Ildánacha a chur ar fáil do dhaoine óga. I rith na gceardlann seo tugadh deis do dhaoine óga taitneamh a bhaint as ceol, ealaín & ceardaíocht, grianghrafadóireacht, drámaíocht agus eispéiris teicneolaíochta digití.

## Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach

### Líon Cuairteoirí

D'fhreastail Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh na dTamhnach (IOOAT) ar 10,908 cuairteoir a bhain tairbhe as Clár agus Seirbhísí Allamuigh in 2023.

### Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

- Reáchtáil an tIonad clár píolótach - Conairí BO do Scoileanna - den chéad uair

dar teideal *Buneolas ar Scileanna Allamuigh*. Bhí an Clár Allamuigh seo á mhaoiniú trí Chlár Conairí BO agus d'fhreastail sé ghrúpa de mhic léinn Idirbhliana BOOCM ar Chlár Allamuigh 5 lá a bhí dírithe ar scileanna pearsanta agus ar na buntáistí a bhaineann le gairm sa Tionscal Allamuigh. Léirigh na mic léinn agus Comhordaitheoirí na hIdirbhliana an-suim sa chlár seo.

- I dteannta leis an gClár Campa Samhraidh 7 seachtaine, réachtáladh campa a bhí oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas in Na Tamhnacha trí Chomhpháirtíocht Spóirt an Chabháin.
- D'fhill Air France/Language Safaris ar an Ionad i ndiaidh dhá áirithint a dhéanamh - 10 n-oíche faoi seach - i gcomhair mac léinn óg Francach a bhí ag tabhairt faoi chlár Teanga/Eachtraíochta Allamuigh.
- Ghlac foireann an Ionaid páirt i roinnt imeachtaí Náisiúnta lena n-áirítear *Her Outdoor Events* – imeacht amháin do ghrúpa d'Aosaigh Bhaineanna agus imeacht eile a bhí spriocdhírthe ar DHÉAGÓIRÍ baineanna a d'fhreastail ar Champa Eachtraíochta Allamuigh 3 lá
- D'fhreastail *CanTeen Ireland* ar dheireadh seachtaine cónaithe do Dhéagóirí a raibh ailse orthu roimhe seo nó a bhfuil cóir leighis á fáil acu d'aile faoi láthair.



Figiúr 69 Printísigh BOOCM ag glacadh páirt in Battlezone Archery mar chuid de lá Neartú na Foirniúlachta

## Forbairtí san Ionad

I measc na bhforbairtí tógála agus cothabhála a rinneadh in IOOA na dTamhnach in 2023 bhí uasghrádú leictreach iomlán, péinteáil, suiteáil urlár nua agus soilsiú

feabhsaithe.

Síníodh Conradh le *Trailbreaker* chun Pumpraon Rothaíochta a dhearadh agus a thógáil. Lean an t-ionad ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i dtrealamh nuashonraithe cosúil le criúchábán nua, Bád Banana inséidte, cultacha uisce agus dífhaisire don stór triomaithe.



*Figiúr 70 Printísigh BOOCM ag foghlaim Scileanna Dreapadóireachta*

### **Oiliúint Foirne**

Lean an fhoireann ar aghaidh le cúrsaí uasoiliúna agus d'fhreastail siad ar chlár oiliúna cosúil le REC 3 - Cúrsa Athnuachana Garchabhrach, Slánchumhdach Aosach, Treoir Boghdóireachta agus Sláinte & Sábháilteacht.

## 19.2 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

### Struchtúir agus Seirbhísí Eagraíochta



**Karen McBride**  
Stiúrthóir na Tacaíochta agus na Forbartha Eagraíochta

Tá BOOCM tiomanta do struchtúr eagraíochta a chruthú a fheidhmíonn go héifeachtach agus go héifeachtúil trína sheirbhísí a sheachadadh i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin.

Tá ról lárnach ag an bhfeidhm Riaracháin chomh fada is a bhaineann le hoibríochtaí BOOCM. Tá an Cheannoifig lonnaithe ar Shráid an Mhargaidh, Muineachán agus tá an fho-oifig lonnaithe ag Cearnóg Radharc an Teampaill, An Cabhán. Tá na feidhmeanna Riaracháin á soláthar trí struchtúr trí cholún, ina gcuimsítear Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá POC i gceannas ar gach Rannóg, a thuiriscíonn don Stiúrthóir Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha (ETF).

# Príomhfheidhmeannach

## Stiúrthóir na Tacaíochta agus na Forbartha Eagraíochta

POC  
AD

POC  
Airgead  
as

POC Seirbhísí  
Corparáideacha

Ceannasaí  
Soláthair

Ceannasaí  
TFC

Ceannasaí  
Comhlíonta

Ceannasaí  
Talaimh  
agus  
Foirgneamh

Cuirtear obair na feidhme riaracháin i gcrích i ndlúthpháirt leis an Stiúrthóir Scoileanna agus leis an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna.

Trí obair a chur i gcrích a bhaineann le ceithre sprioc, tá sé mar aidhm ag ETF luach breise a chur ar fáil do BOOCM trí bheartais fhóna agus chomhleanúnacha a fheabhsú, mar aon le córais agus próisis rannpháirtíochta a fheabhsú, a chinnteoidh go mbeidh an reachtaíocht á comhlíonadh ag BOO, go mbeidh baill foirne ar ardchaighdeán á mealladh agus a gcoimeád, agus go mbeidh barr feabhais rialachais á léiriú.

### **Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026**

Ba í 2023 an dara bliain a raibh Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026 i bhfeidhm. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise tosaíochtaí agus aidhmeanna BOOCM thar thréimhse cúig bliana agus tarraingítear aird uirthi i bhFís BOOCM: Cumhachtú trí Foghlaim agus Dul Chun Cinn á Dhéanamh ag Gach Duine.

Tarraingítear aird sa Ráiteas Straitéise ar an ról suntasach a bhí ag BOOCM sa réigiún chomh fada is a bhain le tacú le gach páirtí leasmhar – idir fhoghlaimoirí agus fhostóirí – chun freagairt do riachtanais oideachais agus oiliúna ár gceantair agus ár ngeilleagair áitiúil. Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre phríomhspríoc straitéiseacha:

- Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht.
- Seirbhísí Ginearálta BOOCM
- Ár bhFoireann – Forbairt, Tacaíocht agus Folláine
- Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Feabhsóidh timthriall cúig bliana an Ráitis Straitéise seo an obair atá á déanamh ag BOOCM i ndáil le hoideachas agus oiliúint, le meithleacha atá á bhforbairt agus á gcur chun feidhme d'fhonn a chinntiú go bhfuil cuspóirí agus tosaíochtaí an Ráitis Straitéise á gcomhlíonadh.

### **Nuashonrú 2023**

Cúis áthais do BOOCM tuairisciú faoi na héachtaí suntasacha a rinneadh le bliain anuas.

In 2023 bhí ceiliúradh á dhéanamh ar 10 mbliana ó cónascadh Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin agus Chontae Mhuineacháin agus ó bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin. Le deich mbliana anuas, tá BOOCM forbartha mar eagraíocht éifeachtúil agus éifeachtach, atá freagrúil do riachtanais an phobail a bhfuil sé ag freastal air.

Rinne BOOCM i dteannta leis na 16 BOOnna ceiliúradh ar 10 mbliana ar an bhfód trí pháirt a ghlacadh i 'Seachtain BOO' náisiúnta i mí Feabhra/mí an Mhárta 2023 agus 'Lá BOO' ar an 2 Márta 2023, imeachtaí a bhí comhordaithe ag BOOÉ. Thug an t-imeacht seachtaine deis do gach BOO léargas a thabhairt ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil acu dá bpobail áitiúla ar fud na hÉireann. Ar an Máirt leagadh béim ar Scoileanna agus ar Éiteas BOO, agus ar an gCéadaoin leagadh béim ar BO. Ar an Déardaoin, bhailigh na 16 BOO le chéile i bPáirc an Chrócaigh áit ar reáchtáladh gradaim Barr Feabhais BOO agus ceiliúradh, agus i measc na mbuaiteoirí bhí mic léinn ó Choláiste Oiriall agus Institiúid an Chabháin.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag BOOCM i ndáil le plean do Dhualgas na hEarnála Poiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus a chinntiú go bhfuil an ceanglas reachtach tábhachtach seo á chomhlíonadh go hiomlán ag an eagraíocht.

Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár slándáil TF a fheabhsú trí fhorbairt a dhéanamh ar an gCóras um Bainistiú Slándáil Faisnéise (CBSF) trí úsáid a bhaint as na Caighdeáin Bhonnlíne, a bheith ag obair le BOOÉ agus le All-BOOnna agus lenár n-árachóirí IPB chun cabhrú linn chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- measúnú a dhéanamh ar agus déileáil le rioscaí slándála faisnéise de réir ár riachtanas.
- rioscaí slándála faisnéise a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach agus follasach.
- gealltanais maidir le agus comhlíontacht le dea-chleachtas domhanda a léiriú.
- a léiriú do chustaiméirí, do sholáthraithe agus do pháirtithe leasmhara go mbaineann fíorthábhacht le slándáil i ndáil lenár gcuid oibre.
- slándáil na sonraí airgeadais agus rúnda ar fad a fheabhsú, ionas go laghdófar an dóchúlacht go mbeidh na sonraí á rochtain go neamhdhleathach nó gan chead.

Lena chois sin, leanamar ar aghaidh lenár Seasamh Slándála, Pleananna Leanúnachais Ghnó agus acmhainní Athshlánaithe ó Thubaiste a neartú.

Le bliain anuas, lean BOOCM ar aghaidh le comhpháirtíochtaí láidre a bhunú le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil oideachais. Cúis bhróid do BOOCM gurb é an chéad BOO sa tír a d'ascain go dtí an t-ardán iomlán Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais i mí Iúil 2023, rud a chiallaíonn go mbeidh gach íocaíocht creidiúnaí i gcomhair BOOCM á próiseáil ag Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO) amach anseo. Cinnteoidh an tSeirbhís Chomhroinnte Airgeadais éifeachtúlacht, éifeachtacht agus caighdeánú méadaithe, mar aon le coigilteas costais nuair a bheidh an tSeirbhís iomlán rollta amach sa 16 BOO. Is ionann an t-éacht sin agus garsprioc shuntasach do BOOCM chomh fada is a bhaineann lena ghealltanais maidir le héifeachtúlacht oibríochtuil.

Ceanglas sa tuarascáil Airgeadais Bhliantúil é sonraí maidir le hoibleagáidí sochair scoir BOO a chur san áireamh chomh fada is a bhaineann lena bhaill foirne reatha, iarchurtha agus ar scor. Chomhoibrigh BOOCM le SCGO i ndáil le Tionscadal Píolótach an Dliteanais Phinsin, fianaise ar ár dtiomantas do bhainistíocht airgeadais fhreagrach agus pleanáil do BOOCM agus dár mbaill foirne.

Ainneoin na ndúshlán atá le sárú ag an ngeilleagar domhanda, rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le clár tógála suntasach BOOCM i rith 2023. Tá BOOCM ag leanúint ar aghaidh lena sheirbhísí a leathnú agus a fhorbairt trí sheirbhísí TF agus tionscadal tógála a chur ar fáil do scoileanna neamh-BOO.

Ar deireadh, chlúdaigh ár gclár FGL roinnt réimsí atá riachtanach do bhaill foirne agus don fhoireann bainistíochta, agus cinntíodh go raibh na scileanna agus an t-eolas riachtanach acu chun ár n-eagraíocht a chur chun cinn i dtimpeallacht ghnó atá ag athrú go tapa. Rolladh amach clár FGL do gach ball foirne riaracháin. Chlúdaigh na cláir FGL TFC raon modúl Microsoft agus cuireadh ar fáil ar líne iad, agus chabhraigh siad le BOO a chuspóir a bhain le hoiliúint a chomhlíonadh. Lena chois sin, ghlac an fhoireann meánbhainistíochta agus shinsearach páirt i gclár rathúil faoi Scileanna Láithreoireachta agus Óráidíochta Poiblí.



## **Comhlíonadh Corparáideach agus Rialachais**

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2012, an príomhphiosa reachtaíochta a bhfuil BOOnna a rialú aige. Ba cheart glacadh le hImlitir 0002/2019 na Roinne Oideachais, “An Cód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna”, ainneoin go leagtar amach ann treoirínte do chásanna áirithe, mar thacar caighdeán do bhaill agus do bhaill foirne an Bhoird go príomha. Bítear ag súil go gcinnteoidh baill agus baill foirne go bhfuil a ngníomhaíochtaí a bhaineann le BOOCM á rialú ag na caighdeáin seo i gcónaí, de réir na litreach agus an spioraid.

I R4 2023, thug an Bord faoi phróiseas Féinmheastóireachta, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais.

I R1 2023, reáchtáladh cruinniú idir an RO agus Foireann Bainistíochta Shinsearach BOOCM chun athbhreithniú a dhéanamh ar na gComhaontú Maoirseachta, Comhaontú Seachadta Feidhmíocht agus Plean Seirbhíse Bliantúil. D'admhaigh an BOO na buntáistí a bhain leis na Comhaontuithe, lena n-áirítear an ról a bhí acu i gcabhrú le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) a shainaithint a chabhraigh le forbairt Phlean Seirbhíse an BOO, an Tuarascáil Bhliantúil agus a bhí nasctha leis an Ráiteas Straitéise freisin. Dheimhnigh an Roinn ardleibhéal comhlíonta in BOOCM chomh fada is a bhain lena oibleagáidí rialachais a chomhlíonadh i ndáil le spriocdhátaí reachtúla agus spriocdhátaí eile.

## **Iniúchadh ar Chomhlíonadh leis an gCód Cleachtais do Rialachas BOOnna**

D'eisigh an Roinn Oideachais an Cód Cleachtais do Rialachas BOOnna (Imlitir 0002/2019) i mí Eanáir 2019. I rith 2023, leagadh béim ar an gCód a chur chun feidhme agus ar an leibhéal comhlíonta a fheabhsú chun feabhas leanúnach a léiriú, agus ag an am céanna fianaise maidir le dearbhú a bhailiú do BOOCM. I mí Eanáir 2023, rinne BOOCM athbhreithniú ar iniúchadh ar chomhlíonadh leis an gCód i rith na bliana roimhe sin, trí úsáid a bhaint as uirlis iniúchta a d'fhorbair Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann (CPÉ). Léiríodh san athbhreithniú ar an iniúchadh go raibh an leibhéal comhlíonta inghlactha.

## **Bainistíocht Riosca**

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtacht na mbearta seo in 2023. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cabhraíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca leis an mBord lena fheidhm bainistíocht riosca. Chomh maith leis sin, braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (All) agus ar na tuarascálacha a chuireann sé i dtoll a chéile agus ar aon Iniúchadh seachtrach dá leithéid cosúil le hiniúchadh CSTE agus/nó ar Iniúchadh á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Lena chois sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír sheasta ag gach cruinniú Boird í Bainistíocht Riosca agus cuimsítear sa bhreithniú a dhéantar:

- Tuarascálacha rioscaí ón bhfoireann bainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (POR)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Thug BOOCM faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2023 chun tacú le bainistiú an riosca fiontair agus chun dea-rialachas a léiriú. Is é an bonn fianaise atá ag tacú leis an obair seo reachtaíocht atá ábhartha do BOOCM agus don Chód Cleachtais do Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (An Roinn Oideachais, Imlitir 0002/2019). Cuireadh an t-aschur seo a leanas i gcrích i rith na bliana:

5. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
6. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Breisoideachais agus Oiliúna
7. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Rioscaí Scoileanna
8. Athbhreithniú ráithiúil ar an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach/Clár Rioscaí Corparáideach a thaifeadann agus a bhreithníonn rioscaí ardleibhéil

Bhí an bhéim á leagan ar na príomhrioscaí a shainaithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar sheachadadh Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026. Cuireadh na príomhrioscaí seo i

láthair an Choiste Iniúchta agus Riosca agus leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain leis na rioscaí sainaitheanta a bhainistiú, riosca a laghdú agus réimsí riosca nua a shainaitheint.

## Saoráil Faisnéise

D'fhoilsigh BOOCM a Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise, chun Alt 8 d'An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, a chomhlíonadh. Tá an Scéim Foilseacháin le fáil ag [www.cmetb.ie](http://www.cmetb.ie) agus tá cóip chrua ar fáil ar iarratas ón gCeannoifig.

Liostaítear sa Scéim Foilseacháin faisnéis faoi sheirbhísí BOOCM, agus tugtar aird ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus an cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus in Alt 11(3) den Acht. Déantar an scéim a nuashonrú agus eolas breise a chur léi ar bhonn rialta.

I rith 2023, cuireadh naoi (9) n-iarratas ar fhaisnéis faoin Acht SF faoi bhráid BOOCM. As measc na n-iarratas seo, bhain sé hiarratas le faisnéis neamhphearsanta ó iriseoirí, grúpaí leasa agus baill den phobal. Bhain na cineálacha faisnéise neamhphearsanta a lorgaíodh le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide BOOCM, taifid a bhain le fostaithe BOO agus saoire, taifid a bhain leis an bpróiseas athchumraithe scoile, taifid a bhain le scoil cheoil BOOCM agus taifid a bhain le tuarascálacha iniúchta.

Tá achoimre ar na hiarratais faighte (Log Nochta) foilsithe ar shuíomh gréasáin BOOCM mar chuid de Scéim Foilseacháin SF.

## Cosaint Sonraí

Tá Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an AE i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018. Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag BOOCM a bhfuil RGCS á chomhlíonadh acu. Déantar athbhreithniú ar na beartais agus ar na nósanna imeachta seo go rialta. I rith 2023, leanadh ar aghaidh ag forbairt comhaontuithe próiseála sonraí agus comhroinnte sonraí le tríú páirtithe, lena n-áirítear Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile. Lean an tOifigeach um Chosaint Sonraí (OCS) le tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann bainistíochta agus do bhaill foirne i ndáil lena bhfreagrachtaí faoi RGCS.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár Ríomhfhoghlama um Fheasacht RGCS do bhaill foirne a rolladh amach do gach ball foirne RGCS. Dhírigh na hionaid riaracháin ar íoslághdú

sonraí agus bhí ról ríthábhachtach ag forbairt SharePoint EFT sa chomhthéacs seo.

In 2023, fógraíodh naoi (9) sárú ar shonraí don OCS. Measadh gur sárú ísealriosca a bhí i gceist chomh fada is a bhain leis na daoine is ábhar do na sonraí, bhain a bhformhór le hearráidí cléireachais ba chúis le smacht ar shonraí pearsanta a chailleadh. Chomh fada is a bhain le sárú sonraí amháin, measadh go raibh sé riachtanach tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí. Bainistíodh gach sárú laistigh de reachtaíocht RGCS agus cuireadh gníomh ceartaitheach chun feidhme.

### **An Cód Caiteachais Phoiblí**

Athdhearbhaíonn BOOCM a ghealltanais maidir le gach ceanglas a chomhlíonadh a bhaineann le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus deimhníonn sé, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh air sin, go bhfuil BOOCM sásta gur chloígh an Bord le gach gné ábhartha den Chód in 2023.

### **Cúrsaí oiliúna agus tacaíocht leanúnach don Bhord Oideachais agus Oiliúna, do Choistí agus do Bhoird Bhainistíochta**

I rith 2023, lean foireann riaracháin BOOCM ag tacú le BOO agus lena choistí, lena n-áirítear Boird Bhainistíochta. Eagraíodh oiliúint rialachais do bhaill den Bhord agus den Choiste Airgeadais agus den Choiste Iniúchta agus Riosca i mí Meithimh 2023. Tá roinn Seirbhísí Corparáideacha BOOCM ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an mBord agus le coistí trí thacaíocht riaracháin a chur ar fáil do chruinnithe agus tá sí ag tacú le Boird Bhainistíochta trí threoir a thabhairt maidir le conas cláir oibre a ullmhú, miontuairiscí a ghlacadh agus a thairfeadh.

### **Soláthar Foirne**

Is fostóir suntasach é BOOCM sa réigiún - tá thart ar 996 ball foirne lánaimseartha agus 432 ball foirne páirtaimseartha fostaithe aige. I rith 2023, chinntigh athshannadh ball foirne, ar bhonn sealadach agus buan, i réimsí ríthábhachtacha, gur leanadh ar aghaidh le príomhsheirbhísí a chur ar fáil.

## Earcaíocht

Déanann BOOCM iarracht na baill foirne is fearr agus is féidir a earcú agus a choimeád. Is ar bhonn inniúlachta a dhéantar formhór na n-agallamh earcaíochta níos mó, agus tá na cúrsaí oiliúna riachtanacha déanta ag baill an Bhoird Roghnúcháin chun cur ar a gcumas agallaimh ar bhonn inniúlachta a dhéanamh.

Tá físeán margaíochta le fáil ar shuíomh gréasáin BOOCM a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le BOOanna go ginearálta [www.cmetb.ie](http://www.cmetb.ie). Chomh maith leis sin, tá fógraíocht spriodchírith eagraithe anois lena n-áirítear fógraíocht íoctha ar na meáin shóisialta, atá dírithe ar limistéir gheografacha agus ar dhéimeagrafaic chun cabhrú le múinteoirí a earcú, chun daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin BOOCM, chun tacú le poist a fhógraítear ar an suíomh gréasáin 'etbjobs.ie' agus a fhógraítear trí chainéil meán sóisialta BOOCM. Tá na tacair scileanna riachtanacha sainaitheanta chun barr feabhais eagraíochta a sheachadadh agus chun acmhainn a fheabhsú chun freastal go cuí ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin atá ag forbairt.

In 2023, reáchtáladh agallaimh ar líne trí úsáid a bhaint as Microsoft TEAMS agus tugadh cuireadh do dhaoine freastal ar agallaimh nuair a bhí sé sin oiriúnach don ról. D'fhreastail Baill an Bhoird Roghnúcháin ar na cúrsaí oiliúna riachtanacha agus cuireadh cúnaimh ar fáil do na hagallaithe chun a chinntiú gur éirigh go breá leis na hagallaimh.

Freastalaíonn baill foirne AD ar an bhFóram Náisiúnta agus leanann siad ar aghaidh le húsáid a bhaint as seirbhísí IBEC más mian leo comhairle a fháil faoi shaincheisteanna AD agus CT. Leanann na baill foirne nua ar fad ar aghaidh ag freastal ar chúrsaí ionduchtaithe maidir le beartais agus nósanna imeachta BOOCM.

## Oiliúint

Chuir BOOCM na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil don fhoireann riaracháin i rith 2023:

- Feasacht Cibearshlándála lena n-áirítear Feasacht Fioscaireachta
- Cúrsaí Oiliúna TF a chlúdaigh raon modúl Microsoft.
- Scileanna Láithreoireachta & Óráidíochta don mheánbhainistíocht agus do bhainisteoirí sinsearacha
- Oiliúint Aoisliúntais (SPSPS) d'fhoireann pinsean BOOCM
- Scileanna Glasa - Fuinneamh & Laghdaigh d'Úsáid.

- Modúil Foghlama DCM lena n-áirítear Ceannaireacht Ionchuimsitheach
- Oiliúint maidir le Conradh Fostaíochta IBEC
- Oiliúint maidir le córas na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais lena n-áirítear tuairisciú Power BI agus P2P seachadta ag SCGO
- Oiliúint maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht
- Oiliúint maidir le Saoráil Faisnéise (SF) do Chinnteoirí
- An Cód Caiteachais Phoiblí
- Lá FGL na Foirne Riaracháin reáchtáilte i Meitheamh 23 a dhírigh ar Bhainistíocht Fuinnimh, Cumarsáid Chorpóraideach agus eagraíodh Ceardlann Folláine freisin

## TFC

Úsáideann BOOCM meascán de fhreastalaithe comhad ar an láthair agus de Microsoft 365 (M365) do ríomhphost agus d'fheidhmchláir ghréasánbhunaithe eile. Is é an plean fadtéarmach atá ann go n-éireoidh BOOCM as freastalaithe ar an láthair a úsáid agus go dtosóidh sé ag úsáid seirbhíse gréasánbhunaithe óstáilte a chiallaíonn go mbeadh gach táirge ar fáil ar an ngréasán. Leanadh ar aghaidh ag obair ar an tionscadal seo in 2023, agus é mar aidhm a bheith ag feidhmiú mar sheirbhís iomlán óstáilte ghréasánbhunaithe a chuirfidh lenár staid slándála chomh fada is a bhaineann le Plean Leanúnachais Ghnó (PLG), cásanna Athshlánaithe ó Thubaiste agus réitigh chúltaca. Ceadáíonn sé seo d'fheidhmchláir laethúla atá riachtanach don ghnó forbairt laistigh dár n-ardán M365 agus SharePoint agus éascaíonn sé comhoibriú idir an fhoireann, barainneacht scála a úsáid, agus rochtain a fháil go héasca ar bheartais agus ar nósanna imeachta i suíomh lárnach. Cuimsítear anseo freisin an tábhacht a bhaineann le slándáil agus le seasmhacht ár sonraí.

Úsáideann BOOCM Microsoft TEAMS, uirlis chomhoibrithe a éascaíonn comhoibriú idir *baill foirne* agus idir *baill foirne agus mic léinn*. Is uirlis chumarsáide an-chumhachtach í seo agus leanadh ar aghaidh á húsáid in 2023 ar fud Scéim BOOCM. Leanfaimid ar aghaidh le tairbhe a bhaint as an ardán seo go slán chun tacú le leanúnachas seirbhíse sna Scoileanna, sna hIonaid BO agus sna hOifigí Riaracháin, rud a bhí riachtanach.

Tá tús áite á thabhairt anois do chúrsaí slándála mar chuid dár bpróiseas cinnteoireachta i ndáil le seachadadh TFC. In 2023, leanamar ar aghaidh lena chinntiú go raibh ár n-eastát oiriúnach don fheidhm trí úsáid a bhaint as feidhmchláir agus as próisis láidre a

bhí molta ag an margadh chun leochaileachtaí féideartha a thástáil. I measc na sásraí seo bhí tástáil ráithiúil treáite, teastas árachais do CB agus oiliúint feasachta foirne agus cibearshlándála ar bhonn leanúnach. Chun tábhacht slándála agus inscálaitheacht ár mbonneagar amach anseo a éascú úsáidimid néalréiteach cúltaca chun tacú lenár n-eastát M365. Tá an t-ardán seo atá bunaithe ar Microsoft ag tacú lenár bhfeidhmchláir atá ríthábhachtach dár ngnó.

Tá seachadadh an Phlean Gníomhaíochta TFC bunaithe ar ár mbonneagar slán agus iontaofa TFC, bonneagar a bheidh in ann tacú le héifeachtúlachtaí riaracháin freisin. Is fianaise iad na tosaíochtaí TFC ar an tábhacht mhéadaithe atá le TFC agus tá béim á leagan ar Phlean Gníomhaíochta TFC trí bliana, seachadadh agus cur chun feidhme inlíon BOOCM ar fud an ionaid chun tacú le cumarsáid éifeachtach, comhoibriú agus dáileadh agus rochtain ar fhaisnéis mar aon le forbairt straitéiseach ár mbonneagar TFC, agus fianaise freisin ar chur chuige seirbhísí comhroinnte i ndáil le TFC atá ag tabhairt tús áite don néal.

I láthair na huaire, tacaíonn roinn TFC BOOCM le 1,428 ball foirne agus le thart ar 14,000 mac léinn gach lá ina scoileanna agus ionaid oideachais i réigiún an Chabháin agus Mhuineacháin. Chomh maith leis sin, tacaíonn roinn TFC BOOCM leis na feidhmchláir agus leis na córais éagsúla a theastaíonn ó úsáideoirí chun a gcuid oibre a chur i gcrích.

Tá BOOCM ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le húsáid TFC i ngach scoil, agus tá ceannairí digiteacha ceaptha. In 2023, rinne foirne scoileanna scrúdú ar an treo a mbeifear ag díriú amach anseo trí shiompóisiam lae a eagrú. Bhí sé sin mar bhonn le pleanáil straitéiseach do TF, i gcomhpháirt le hIonad Oideachais Mhuineacháin. Trí úsáid a bhaint as an uirlis Eorpach, SELFIE, bhailigh scoileanna sonraí a bheidh mar bhonn le pleanáil. Cuirfear an próiseas seo i gcrích in 2024.–Chomh maith leis sin, tá tús á chur ag ár scoileanna le scrúdú a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na himpleachtaí a bhaineann le hIntleacht Shaorga sa chomhthéacs oideachais.

Ceann de phríomhthosaíochtaí na bpleananna scoile ba ea an bonneagar líonra laistigh den scoil a fheabhsú agus go háirithe, Wi-Fi scoile. Leanadh ar aghaidh leis an obair seo in 2023 agus leanfar léi in 2024 freisin nuair a bheidh foirne ICT BOOCM ag díriú ar uasghrádú an Wi-Fi scoile uile. I láthair na huaire, tá breis is 550 Pointe Rochtana Gan

Sreang bainistithe i ngach ionad. Rinneadh infheistíocht eile i ngléasanna móibíleacha do mhúinteoirí rud a chinntíonn go bhfuil ar chumas bhail foirne BOOCM tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí nua laistigh den chóras oideachais.

Gach bliain, lean BOOCM ar aghaidh le huasgrádú an ardáin Windows 10 go dtí an leagan is déanaí trí thús a chur le haistriú bainistithe go dtí Windows 11 chun slándáil agus cobhsaíocht eastát an chliant a chinntiú uaidh seo amach.

Chinntigh Roinn TFC BOOCM go bhfuil ár mbailiúchán de fhreastalaithe ríomhaire á gcothabháil ag an eagraíocht chun feidhmiúlacht a sholáthar sa bhreis ar acmhainn meaisín aonair. Is iad sin cnámh droma ár n-idirlín, ár stóráil, ár bpróiseáil agus ár ndáileadh sonraí. Is tasc ar leith é ár bhfreastalaithe a bhainistiú ach tasc a dhéantar go héifeachtach trí thairbhe a bhaint as ár ndea-chleachtas bainistíochta freastalaí. Is próiseas leanúnach é seo atá á bhainistiú go himmheánach.

Tá bainistíocht gléasanna móibíleacha Microsoft Intune curtha chun feidhme ag BOOCM. Is feidhmchlár Bainistíochta Soghluaisteachta Fiontair (BSF) é Intune a chuirfidh ar chumas BOOCM a shonraí corparáideacha ar gach gléas móibíleach a chosaint lena n-áirítear ríomhairí glúine, táibléid agus fóin phóca. Mar chuid de thacar Intune, bhain BOOCM tairbhe as beartais Bainistíochta Feidhmchláir Mhóibíleacha (BFM) atá á rolladh amach do bhail foirne agus do chohórt mic léinn BOOCM. Cosnaíonn beartais BFM Intune Oifig BOOCM.

Tá BOOCM ag rollú gléasanna móibíleacha corparáideacha go leanúnach trí úsáid a bhaint as Intune agus tá slándáil agus bainistiú na ngléasanna sin a bhforfheidhmiú. Tá BOOCM tiomanta don deimhniú Cibearshlándála Bunúsacha (CB) a athnuachan gach bliain. Is scéim deimhnithe chibearshlándála é CB a thairgeann bonnsraith fhónta de rialuithe bunúsacha slándála TFC ar féidir le gach cineál eagraíochta iad a chur chun feidhme agus cur leo freisin seans. Trí na rialuithe seo a chur chun feidhme d'fhéadfaí leochaileacht eagraíochta a laghdú go suntasach. Soláthraíonn an scéim CB soiléire do ghnóthaí móra agus beaga. Fuair BOOCM deimhniú in 2023.

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le cibearfheasacht in 2023, sholáthair COOBM oiliúint chibearfheasachta do gach ball foirne agus is próiseas leanúnach a bheidh ann. Leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le slándáil agus bainistiú leanúnach



na slándála mar ghné ríthábhachtach de TFC. D'fhorbair an fhoireann TFC Plean Cibearfhreagartha i gcomhar leis an bhfoireann Chomhlíonta, bunaithe ar na Caighdeáin Bhonnlíne, agus rinneadh tástáil ar an bPlean in 2023.

## **Airgeadas**

Ar an 31 Iúil 2023, ba é Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin (BOOCM) an chéad BOO a chuir Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun feidhme. Tionscnamh de chuid an Rialtais ba ea Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, a raibh sé mar aidhm leis próisis agus nósanna imeachta airgeadais a shruthlíniú, tuairisciú airgeadais a fheabhsú agus cultúr atá dírithe ar chustaiméirí a chruthú. Chun na haidhmeanna seo a chomhlíonadh, níl feidhm Riaracháin BOOCM freagrach níos mó as próiseáil agus as íoc sonrasc, is iad Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO) atá freagrach as an bhfeidhm seo anois.

## **Ráitis Airgeadais 2023**

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Bhord, breithníonn sé go dtugtar léargas cuí sna ráitis airgeadais ar ioncam agus ar chaiteachas an BOO agus ar staid ghnóthaí an BOO. Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOCM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchta atá le déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (A&CC). I ndiaidh do A&CC an t-iniúchadh a shíniú, foilseoidh BOOCM na ráitis airgeadais iniúchta.

## **Talamh agus Foirgnimh (Caipiteal)**

Cuimsítear i gclár foirgneamh scoile BOOCM raon leathan de thionscadail mhóra agus de thionscadail bheaga. Bliain ghnóthach eile ba ea 2023 de bhrí gur cheadaigh an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), dhá mhórtionscadal tógála ar cuireadh tús leo agus tá críoch beagnach curtha le síneadh amháin.

Tá an hiar-bhunscoileanna atá faoi shainchúram BOOCM ag leanúint ar aghaidh le méadú a thabhairt faoi deara ar líon na mac léinn atá ag rollú leo agus in 2023

ceadaíodh tuilleadh forálacha do Chóiríocht Mhodúlach agus Shealadach do Choláiste Inbhir, agus do Choláiste Achadh an Iúir. Tugadh an tAonad Modúlach do Choláiste Naomh Bricín ar láimh i mí Lúnasa 2023 agus fuarthas cead pleanála do chóiríocht mhodúlach do Choláiste Naomh Maodhóg in 2023 freisin.

Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar na mórthionscadail tógála a ceadaíodh sna blianta roimhe seo. Tá dearadh mionsonraithe á dhéanamh ar fhorbairtí i gColáiste Bhaile na Lorgan, Coláiste Bhréifne, Coláiste Dhún an Rí, Coláiste Inbhir agus Coláiste Achadh an Iúir, agus táthar ag feitheamh ar chead a fháil ón Roinn chun tús a chur leis an obair thógála. Ar deireadh, cuireadh tionscadal cóiríochta breise do Choláiste Pobail Bhéal Átha Beithe i gcrích ag tús 2023. Chomh fada is a bhaineann leis na tionscadail scoile neamh-BOO a bhfuil BOOCM ag cabhrú leo, chuir dhá bhunscoil tús le hoibreacha tógála in 2023, tá scoil amháin ag feitheamh ar chead a fháil ón Roinn chun leanúint ar aghaidh leis an obair thógála, tá scoil amháin ag díriú ar an dearadh mionsonraithe agus tá trí scoil ag feitheamh ar chead a fháil ón Roinn leanúint ar aghaidh ón dearadh tosaigh.



*Figiúr 72 An tAire Heather Humphreys ar cuairt ar Choláiste Pobail Bhéal Átha Beithe chun an síneadh scoile nua a oscailt go hoifigiúil*

Tá BOOCM ag díriú ar neart miontionscadal tógála eile ina scoileanna a dhéanamh agus a chur i gcrích in 2023, agus tá a bhformhór maoinithe ag Scéim Deontais na nOibreacha Éigeandála, Scéim Deontais na nOibreacha Samhraidh nó an Scéim Deontais Caipitil Spóirt.

In BO, chuir BOOCM forbairt shuntasach aonaid mhodúlaigh i gcrích in Institiúid an Chabháin in 2023. Chomh maith leis sin, rinne BOOCM obair shuntasach i rith na bliana ar Réamhchás Gnó do Choláiste na Todhchaí atá beartaithe a thógáil agus táthar ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar an infheistíocht seo a bhfuil géarghá léi. Chomh maith leis sin, rinneadh uasghrádú leictreach iomlán ag Ionad Oideachais Allamuigh na Tamhnaí.

Bhain an Fhoireann Talaimh agus Foirgnimh úsáid as Microsoft Planner in 2023 chun cabhrú léi an leibhéal ard de thionscadail chaipitil a bhfuiltear ag díriú orthu faoi láthair a bhainistiú.



*Figiúr 73 An tAire Harris ag oscailt Saoráid Oideachais agus Oiliúna nua Institiúid an Chabháin go hoifigiúil*

Ainneoin go ndearnadh dul chun cinn suntasach, díreach cosúil le 2022, bliain dhúshlánach ba ea 2023 mar gheall ar chostais bhoilscithe shuntasacha san earnáil tógála. Úsáideadh creat Boilscithe na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) chun déileáil leis an dúshlán seo i rith 2023.

Tá fianaise ar scála an mhéadaithe ar phunann tionscadal caipitil BOOCM le fáil sa mhéadú ar chaiteachas caipitil ó €3.8 milliún in 2021 go dtí €12.4 milliún in 2022 agus go dtí €14.4 milliún in 2023.

Tá an Córas Bainistíochta Sócmhainní nua, atá beo ó Mheán Fómhair 2020 chun faisnéis

a sholáthar maidir le gach sócmhainn BOOCM agus chun tuairisciú a dhéanamh ag leibhéal Ceannoifige, ag obair go maith agus ag soláthar rialuithe níos fearr maidir le coimeád sábháilte sócmhainní.

Tá foireann na Roinne Talaimh agus Foirgnimh ag leanúint ar aghaidh le cúrsaí uasoiliúna a dhéanamh trí fhóiraim oiliúna éagsúla, seimineáir ghréasáin agus trí oibriú le BOOnna eile chun faisnéis a roinnt agus chun tacú le comhoibriú chun a chinntiú go mbaintear éifeachtúlachtaí amach ar fud na roinne.

Tá an Roinn Talaimh agus Foirgnimh ag leanúint ar aghaidh ag obair ar thionscadail éagsúla fad is atá bunphrionsabail an Chóid Caiteachais Phoiblí á gcur chun feidhme, chun a chinntiú go bhfuil luach ar airgead a fháil nuair a bhíonn airgead poiblí á chaitheamh. Tá raon beartas agus nósanna imeachta maidir le soláthar agus treoirlínte RO i bhfeidhm agus tá an Roinn Talaimh agus Foirgnimh sásta gur éirigh linn cloí le gnéithe ábhartha an Chóid.

### **Gníomhú ar son na hAeráide**

Ar dtús, i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 leagadh amach spriocanna 2030 don earnáil phoiblí chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 30%. Is é Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (PGA23) an dara nuashonrú bliantúil ar Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 na hÉireann, agus sonraítear ann go bhfuil síneadh curtha leis an sprioc go dtí laghdú absalóideach de 51% faoi 2030 agus glan-nialasach faoi 2050. In 2023, lean BOOCM ar aghaidh ag obair le Fuinneamh Inmharthana na hÉireann (FIÉ) agus le BOOÉ, fianaise ar ár ngealltanas maidir le hobair a dhéanamh chun ár n-oibleagáidí dlí a chomhlíonadh agus chun na spriocanna sin a chomhlíonadh. Shann BOOCM Oifigeach Sinsearach Foirne (Oifigeach Fuinnimh) atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an réimse seo ó 2023. Chomh maith leis sin, d'ainmnigh BOOCM ball de FSB mar Sheimpín Inbhuanaitheachta um Ghníomhú ar son na hAeráide/Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus thug an OF agus an OFF faoi oiliúint Bainistíochta Fuinnimh in 2023.

In 2023, rinneamar cúig iniúchadh fuinnimh bhreise inár n-ionaid de réir Ionstraim Reachtuil Uimh. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014. I R1 2024, rinne BOOCM scrúdú ar thorthaí na n-iniúchtaí seo le cabhair ónár mBainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíochta FIÉ (BTC), agus rinneadh iniúchadh ar an

bhféidearthacht a bhain le haisfheistiú agus le fuinneamh in-athnuaite a úsáid chun cabhrú le sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa 2030 a chomhlíonadh. Chuir BOOCM a Phlean maidir le Stoc Foirgneamh agus a Chlár Foirgneamh faoi bhráid FIÉ.

In 2023, d'fhorbair BOOCM a chéad Threochlár maidir le Gníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí inar sonraíodh a stádas reatha agus píblíne bheartaithe an tionscadail chomh fada is a bhain le hastaíochtaí carbóin a laghdú de réir spriocanna earnála poiblí iomlána BOOCM.

Chuir BOOCM a shonraí M&T (Monatóireacht agus Tuairisciú) i gcomhair 2022 ar fáil do FIÉ tríd an gcóras ar líne in 2023, agus leanfaimid ar aghaidh leis an gcleachtadh seo a chríochnú ar bhonn bliantúil mar atá mínithe i gceanglais Shainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.

Ghlac BOOCM páirt i bhFeachtas na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide dar teideal Laghdaigh d'Úsáid ar cuireadh tús leis i R3 2023 agus a reáchtáladh go dtí dheireadh R1 2024, Clár *Take One BOOÉ* (Lá Bealtaine – Méadar Móinéir), agus Lá Glas bliantúil BOOCM. Bunaíodh Foirne Glasa i ngach Scoil agus Ionad ar fud BOOCM, agus eagraíodh cuairteanna suímh i rith 2023.

Rinne BOOCM athbhreithniú ar a ghníomhaíochtaí páipéarbhunaithe, agus rinneadh iad a dhigitiú áit ar cuí agus leanfar ar aghaidh ag obair mar seo ar bhonn leanúnach. Leanfar ar aghaidh leis na hiarrachtaí páipéar athchúrsáilte a úsáid inár Scoileanna agus Ionaid. Chuir BOOCM Soláthar Poiblí Glas (SPG) i bhfeidhm de réir Threoir Soláthair Phoiblí Ghlais GCC inár mBeartas Soláthair agus doiciméid.



Figiúr 74 'Lá Glas' BOOCM chun aird a tharraingt ar Fhreagracht Chomhshaoil



*Figiúr 75 An tseachtain 'Bí gníomhach'*

*Figiúr 76 Mic Léinn ó Choláiste Naomh Bricín ag glacadh páirt sa Lá Glas*

Féach ar Alt 11 de Thuarascáil Bhliantúil BOOCM maidir le heolas faoi Fheidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí.

### **Sláinte agus Sábháilteacht**

In 2023, lean BOOCM ar aghaidh ag tacú le scoileanna agus le hionaid chun Ráitis Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuireadh uirlisí oiliúna breise ar fáil do scoileanna agus d'ionaid chun cáilíocht agus cruinneas a measúnuithe riosca a fheabhsú.

D'eagraigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta dhá chuairt suímh - ceann ar fho-oifig Riaracháin BOOCM agus ceann ar ionad BO in 2023. Níor taifeadh aon rud suntasach. Rinneadh athbhreithniú ar phríomhthéamaí, agus tarraingíodh aird ar dheachleachtais i rith na gcuairteanna sin. Roinneadh an t-eolas ar fad le gach scoil agus ionad.

I rith 2023, bhain BOOCM tairbhe as seirbhísí gníomhaireachta seachtraí chun cabhrú le hathbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar dhoiciméid Sláinte agus Sábháilteachta BOOCM. Chruthaigh Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta BOOCM agus gníomhaireacht sheachtrach sceideal le haghaidh hathbhreithnithe neamhfhoirmiúla a bhí le cur chun feidhme in 2024. Cuirfidh na hathbhreithnithe seo le agus feabhsóidh siad an Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta.

Rolladh amach na cúrsaí oiliúna sláinte agus sábháilteachta seo a leanas do bhaill foirne ainmnithe i scoileanna agus in ionaid i rith 2023:

- Cúrsaí oiliúna do fhreagóirí garchabhrach
- Cúrsaí oiliúna do mhaoir dóiteáin
- Cúrsa faoi Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint faoi Dhaoine a Bhogadh agus a Láimhsiú
- Oiliúint faoi Chathaoir Aslonnaithe
- Pacáiste oiliúna saincheaptha d'Fheighlithe agus do Ghlantóirí

### Clár Réadmhaoine

Lean BOOCM le córas bogearraí Chlár Réadmhaoine DCS a chur chun feidhme in 2023, chun an faisnéis ar fad faoi réadmhaoin atá faoi úinéireacht, léasaithe agus ceadúnaithe ag BOOCM a thiomsú agus a uaslódáil, lena n-áirítear:

- Sonraí na réadmhaoine
- Fóntais atá nasctha leis an réadmhaoin
- Sonraí árachais
- Sonraí dlí lena gcuimsítear uimhreacha cláraithe agus fóilió réadmhaoine
- Faisnéis faoi dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán
- Sonraí slándála lena n-áirítear faisnéis TCI

Tá gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhodúl tuairiscithe an Chláir Réadmhaoine agus leanfaidh BOOCM ar aghaidh ag obair le DCS agus le Fóram Talaimh agus Foirgnimh BOOÉ, agus é mar aidhm gnéithe tuairiscithe an chórais a fheabhsú.

### Soláthar

D'úsáid Roinn Soláthair BOOCM samhail soláthair náisiúnta OSR agus a creataí, sa chás go raibh a leithéid ar fáil agus oiriúnach, i ndáil le caiteachas 'soláthair' a scoileanna agus ionaid ar fad in 2023. Lena chois sin, bhunaigh an roinn Soláthair na conarthaí seo a leanas trí chomórtais r-thairisceana:

- Cuireadh suíomhanna oiriúnacha ar fáil chun Ionad a Ligean ar Cíos do BOOCM do chruinnithe, do chomhdhálacha, do sheisiúin oiliúna agus do shearmanais bhronnta éagsúla (Painéal)

- Creat-chomhaontú do spás taibhithe soghluaiste agus do sheirbhísí fuaimne agus soilsithe
- Seirbhísí Cothabhála do Threalamh Teicneolaíochta (Tógáil/Teicneolaíocht agus Innealtóireacht Adhmaid)
- Seirbhísí Lónadóireachta Lamhátais a chur ar fáil do Champas BO, An Cabhán agus Institiúid an Chabháin
- Seirbhísí Béile Scoile a chur ar fáil do Choláiste Naomh Maodhóg, An Bábhún Buí, Co. an Chabháin agus do Choláiste Oiriall
- Creat páirtí aonair chun forcardaitheoirí agus chun trucaílí pailéide láimhe a chur ar fáil
- Seirbhísí Meaisíní Díola a chur ar fáil
- Trealamh a Sholáthar, a Sheachadadh, a Shuiteáil/a Chóimeáil agus a Choimisiúnú
- Seirbhísí Priontála Bainistithe a chur ar fáil mar aon le Seirbhísí Iniúchta Priontála Neodracha Díoltóra do Chomhlachtaí Earnála Poiblí in Éirinn
- Ábhair do Ranganna Miotalóireachta agus Innealtóireachta a chur ar fáil
- Tomhaltáin Ghruagaireachta agus Bhearbóra a Sholáthar
- Tacaíocht, cothabháil agus monatóireacht ar gach líonra achair logánta (LAL) BOOCM, LALanna gan sreang, ballaí dóiteáin agus ardán bainistíochta gaolmhar.

### **Pleanáil Soláthair Chorparáidigh**

D'oibrigh BOOCM le hAonad Athchóirithe Soláthair na hEarnála Poiblí (AAEP) in BOOÉ agus sa tSeirbhís Soláthair Oideachais agus chuir sé Plean Soláthair Chorparáidigh (PSC) i gcrích ina leagtar amach na ceanglais soláthair a bheidh ag an mBord amach anseo. Tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil 3 bliana (PSIB) shainníomair ár bpríomhthosaíochtaí soláthair i gcomhair 2024. Leanfaimid ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar PSC gach bliain agus díreimid ar na soláthairtí atá sainaitheanta mar sholáthairtí riachtanacha go háirithe sna réimsí a bhaineann le caiteachas comhiomlán sa chás nach bhfuil aon chreat / aon chonradh náisiúnta, earnálach nó eile bunaithe.

Leanfaidh BOOCM ar aghaidh, más cuí, le húsáid a bhaint as Creataí OSR agus roinnfidh sé eolas lenár scoileanna agus ionaid maidir le conas iad seo a úsáid.



## 20 Tuarascáil ar Bhliain a Dó de Ráiteas Straitéise BOOCM 2022-2026

Tá sonraí maidir le gníomhartha ábhartha, táscairí feidhmíochta chun Spriocanna agus Tosafochtaí BOOCM a chomhlíonadh atá sainaitheanta i Ráiteas Straitéise 2022-2026 agus tuarascáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis na spriocanna seo sonraithe thíos. Lena chois sin, faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta (CSF) idir an Roinn Oideachais (RO) agus BOOCM, sainithníodh roinnt spriocanna agus tosafochtaí sonracha. Seo a leanas na gníomhartha tosafochta a bhaineann le gnóthachtáil na dtosafochtaí seo, mar aon leis na táscairí feidhmíochta gaolmhara agus na spriocanna atá le seachadadh:

Spriocanna Straitéiseacha BOOCM				
Teagasc, Foghlaim agus Rannpháirtíocht.				
Sprioc	Tosafocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2023
Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsith eacht, fhoghlaimíoch ríárnach	3. Tabhairt faoi athbhreithniú ar dheiseanna curaclaim/foghlaim a BOOCM chun clár agus straitéisí nuálacha a shainiú a bhféadfaí tairbhe a bhaint astu – agus beim ar leith a leagan ar ábhair ETIM	<ul style="list-style-type: none"> <li>An tairiscint curaclaim i ngach scoil a athbhreithniú</li> <li>Bearnaí a d'fhéadfadh a bheith sa soláthar/réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt a shainiú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Athbhreithniú ar an gcuraclaim a chur i gcrích</li> <li>Bearnaí sainaitheanta agus réitigh molta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Síneadh a chur le Polainnis mar ábhar Ardeistiméireachta don dara cohórt. Chuir an chéad cohórt an Ardeistiméireacht i gcrích in 2023</li> <li>Athbhreithniú cuimsitheach ar an gcuraclaim curtha i gcrích le gach Scoil. Féidearthachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn sainaitheanta. An curaclaim leasaithe bunaithe ar riachtanas mac léinn agus soláthar teoranta Muínteoirí.</li> </ul>
	4. Samhail Cholaíste na Todhchaí BO a bhunú in BOOCM, chun tacú le soláthar comhdhlúite agus comhtháite, deiseanna foghlama solúbtha, conairí rochtana agus tacafochtaí seasta d'fhoghlaimíochtaí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean gníomhaíochta a fhorbairt do Cholaíste na Todhchaí BO in BOOCM</li> <li>Obair a dhéanamh chun acmhainní a fháil don phlean seo agus chun é a chur chun feidhme</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Plean forbartha agus rannpháirtíocht dhearfach déanta i ndáil le ceanglais acmhainní gaolmhara</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tuarascáil brandála curtha i gcrích. Tuilleadh athbhreithnithe agus pleanála le déanamh in 2024.</li> <li>Réamhchás Gnó ullmhaithe agus curtha ar fáil i ndáil le forbairt Cholaíste na Todhchaí BO in An Cabhán</li> </ul>

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2023
<p>Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuimsitheacht, fhoghlaimoirlárna ch</p>	<p>3. Ceanglais a shainaitheint atá riachtanach chun tacú le riachtanais tacaitochta chomhtháite/éagsúla foghlaimoirí<sup>14</sup>, obair a dhéanamh chun acmhainní riachtanacha a fháil agus sárait éifeachtacha a fhorbairt chun na tacaitochtaí seo d'fhoghlaimoirí a chur ar fáil</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ról d'Ofigeach Tacaitochta d'Fhoghlaimoirí le bunú</li> <li>Grúpa Tacaitochta d'Fhoghlaimoirí le bunú</li> <li>Obair a dhéanamh chun córas tacaitochta lárnaigh d'fhoghlaimoirí a bhunú a chuirfidh ar chumas foghlaimoirí BO rochtain a fháil ar an trealamh agus ar an gcúnamh a theastaíonn uathu chun páirt a ghlacadh in agus chun a gclár staidéir a chur i gcrích</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Córas Tacaitochta Lárnaigh d'Fhoghlaimoirí bunaithe agus curtha i bhfeidhm ar fud Sheirbhísi BO</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Raon leathan gníomhartha agus tionscnamh forbartha agus curtha i bhfeidhm i ngach seirbhís BO a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach foghlaimoirí ar thacaitochtaí - beag beann ar an tseirbhís a bhfuil siad ag freastal uirthi nó an bhfuil siad ag freastal ar sheirbhísi ar bhonn lánaimseartha / páirtaimseartha</li> <li>Próiseas nua do Mheasúnú ar Riachtanais Foghlaimoirí forbartha agus baill foirne oilte</li> <li>Leanadh ar aghaidh le tálillí CIA agus le costais ábhair chúrsa agus athsholáthair a laghdú agus tálillí chothrom de €200 le hionc ag gach duine - chun inrochtaineacht a fheabhsú agus chun níos mó rannpháirtíochta a chumasú.</li> <li>Cuireadh an Clár Cúnamh d'Fhoghlaimoirí i bhfeidhm d'fhoghlaimoirí lánaimseartha, clár a sholáthair tacaitochtaí airgeadais chun íoc as an gcostas a bhaineann le páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus oiliúna.</li> </ul>
<p>4. Leanúint ar aghaidh le foghlaim ionchuimsitheach a thairiscint agus leis an soláthar spriocdhírthe a leathnú agus cur leis an eispéireas / le hoideolaíocht dóibh siúd a bhfuil riachtanais shonracha foghlama, fisiciúla agus mhothúchanacha acu</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Mapáil soláthair RSO a chur i gcrích in dhá Scoil BOOCM</li> <li>FGL do gach Scoil sa mhapáil soláthair RSO a bhunú</li> <li>Forbairt a dhéanamh ar sholáthair Ranganna NSU i Scoileanna BOOCM</li> <li>Foirgnimh agus saoráidí feabhsaithe a chur ar fáil do ranganna NSU</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Na chéad mapáil soláthair críochnaithe.</li> <li>FGL curtha i gcrích.</li> <li>Líonra ROS seolta agus bunaithe.</li> <li>Ranganna NSU forbartha i Scoileanna BOOCM.</li> <li>Saoráidí breise curtha ar fáil i Scoileanna BOOCM.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fóram ar líne do Mhúinteoirí NSU bunaithe ar tacaitochtaí curtha ar fáil trí mhaoiniú REACH (CMMO roimhe seo).</li> <li>Osclaíodh dhá rang bhreise NSU i scoileanna BOOCM, eadhon Coláiste Learga agus Coláiste Achadh an Iúir i mí Lúnasa 2023.</li> <li>Osclaíodh aonad NSU modúlach nua i gColáiste Naomh Bricín in 2023.</li> </ul> <p>Ghlac gach Scoil páirt sa phróiseas mapála Eagraíodh ranganna NSU breise Bunaíodh fóram CCRS.</p>	

<sup>14</sup> Síceolaíocht, folláine, gairmthreoir, míchumas, Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO), Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU), agus mar sin de

Sprioc	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2023
<p>Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchuirimsitheach, fhoghlaiméiríarnach</p>	<p>5. Cuir chuige chomtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun sásraí guthanna mac léinn agus tuismitheoirí inár scoileanna agus ionaid a fheabhsú, agus a chinntiú ag an am céanna go gcuirtear athbhreithnithe tréimhsiúla i gcrích chun éifeachtacht a bharrfheabhsú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar chleachtais a bhaineann le guth mac léinn i Scoileanna BOOCM</li> <li>• FGL do Bhaill Foirne maidir le guth mac léinn a chumhachtú</li> <li>• Forbairt leanúnach Thionscnaimh Ghuth Foghlaiméirí BO, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Suirbhé bliantúil ar fhoghlaiméirí a dhéanamh</li> <li>▪ Fóram foghlaiméirí a eagrú go bliantúil.</li> <li>▪ Líonra Comhairleach Foghlaiméirí (LCF) a bhunú agus ceithre chruinniú a eagrú gach bliain</li> <li>▪ Rannpháirtíocht foghlaiméirí i struchtúir rialachais a thástáil ar bhonn píolótach</li> <li>▪ Úsáid a bhaint as ionchur LCF i ngníomhaíochtaí féinmheastóireacht, monatóireachta agus athbhreithnithe</li> </ul> </li> <li>• An clár ceannaireachta a éascú do bhaill LCF chun cabhrú leo le habhcóideacht ar son foghlaiméirí</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Meitheal chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtais i ndáil le guth mac léinn</li> <li>• Bunatodh LCF agus tá sé ag feidhmiú go héifeachtach</li> <li>• Foghlaiméirí cumhachtaithe agus cabhair tugtha dóibh chun abhcóideacht a dhéanamh</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• FGL curtha ar fáil do Cheannairí Scoile maidir le Guth Mac Léinn agus Tuismitheoirí</li> <li>• Seisiún maidir le Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil a bhí dírithe ar Thacú le Guth Foghlaiméirí curtha ar fáil ag an Dr Paula Flynn do bhaill foirne BO i mí na Samhna 2022.</li> <li>• An struchtúr Ceannaireachta Mac Léinn curtha chun feidhme agus ar fáil in 2 Scoil BOOCM. Canbhás mionsonraithe faoi Ghuth Mac Léinn ar raon saincheisteanna sóisialta trí Phláinéad na nÓg. (Cur chuige córasach, fianaisebhunaithe maidir le saol mac léinn a fheabhsú)</li> <li>• Reáchtáladh cruinniú den Líonra Comhairleach Foghlaiméirí (LCF) BO i mí Eanáir 2023.</li> <li>• D'éascaigh AONTAS Fóram Foghlaiméirí d'fhoghlaiméirí mar chuid dá dtionscnamh náisiúnta 'guth foghlaiméirí' i mí Feabhra. Fuair agus d'athbhreithnigh BOOCM tuarascáil neamhspleách.</li> <li>• Bunaithíte ar aiseolas ó fhoghlaiméirí Ógtheagmhála a d'fhreastail ar Fóram Foghlaiméirí AONTAS, réachtáil BOOCM Fóram Foghlaiméirí Ógtheagmhála sonrach píolótach i mí Bealtaine.</li> <li>• Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an Suirbhé Foghlaiméirí i gcomhair 2023/24 agus cuireadh dhá leagan ar fáil; leagan amháin d'fhoghlaiméirí a bhí ag díriú ar chlár neamhchreidiúnaithe agus ar chlár Leibhéal 1 - 3, agus leagan eile d'fhoghlaiméirí a bhí ag díriú ar chlár ag Leibhéal 4 agus Leibhéal 5. Rinneadh athbhreithniú ar Bhéarla Simplí freisin. Bhí an suirbhé beo ag tús mhí na Nollag 2023.</li> <li>• Fuarthas 1,254 freagra ar shuirbhé foghlaiméirí BO 2023/24.</li> </ul>

<p><b>Sprioc</b></p> <p>Sprioc: Tacú le teagasc, foghlaim, folláine, rannpháirtíocht agus dul chun cinn ar ardchaighdeán i dtimpeallacht ionchúimsitheach t, fhoghlaimoirlárn ach</p>	<p><b>Tosaíocht</b></p> <p>7. Leanúint ar aghaidh leis an raon clár atá ar fáil d'fhágáilithe scoile, cuardaitheoirí poist, daoine atá ag filleadh ar chúrsaí oideachais, fostóirí agus daoine fostaithe a fheabhsú agus a fhorbairt</p>	<p><b>Gníomh</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht tionscail a fhorbairt agus a leathnú agus le Cúrsaí Oiliúna, agus le cláir Scileanna atá le Forbairt agus Scileanna don Obair a chur ar fáil.</li> <li>• Raon solúbtha de chlár uasoilúna a thairiscint chun cur ar chumas fostaithe dul chun cinn gairme a dhéanamh</li> <li>• Leathnú na gClár Tráthnóna in An Cabhán agus Muineachán</li> <li>• Soláthar measctha a thairiscint (i ndiaidh COVID-19), is é sin, seachadadh cumaisc / ar líne / seomra ranga chun freastal ar fhoghlaimoírí.</li> <li>• Forbairt / tabhairt rochtain ar raon clár</li> </ul>	<p><b>Táscaire Feidhmíochta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leibhéil agus raon méadaithe de sholáthar sa dá chontae.</li> <li>• Níos mó rannpháirtíochta leis an tionscal</li> <li>• Beartas agus nósanna imeachta foghlama cumaisc a fhorbairt (i ndiaidh COVID-19)</li> <li>• Líon na bprinntiseachtaí a thairgfidh BOOCM</li> </ul>	<p><b>Gníomh</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Scrúdú a dhéanamh ar Chlár IB malartach i Scoil BOOCM</li> <li>• Cúrsaí samhraidh a chur ar fáil do mhic léinn atá ag déileáil le míbhuntáiste</li> <li>• Seachadadh agus forbairt leantach an Chláir Foghlama Malartaí (CFM)</li> <li>• Obair a dhéanamh chun an Clár Infhostaitheachta a fhorbairt</li> </ul>	<p><b>Clár nua deartha agus ceadaithe.</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Clár seolta agus an chéad chohórt mac léinn ag baint tairbhe as.</li> <li>• CFM ag feidhmiú go héifeachtach.</li> <li>• An clár infhostaitheachta forbartha.</li> </ul>	<p><b>Tús curtha leis na gClár Infhostaitheachta.</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bhuail grúpa na Luathfhágáilithe Scoile le chéile go minic agus dhírigh sé ar raon gníomhartha, lena n-áirítear Imeacht Luathfhágáta Scoile agus Líonraithe a eagrú. Deis a bhí ansin do gach seirbhís agus do gach scoil breithniú a dhéanamh ar cheisteanna a bhain le coimeád agus roghanna malartacha dóibh siúd nach bhfuil ag freastal ar an scoil agus páirt a glacadh i líonrú luachmhar.</li> <li>• Follsiódh tuarascáil inmheánach maidir le Luathfhágáil Scoile a raibh baint ag gach páirtí leasmhar soláthraí sa dobharcheantar léi. Cuireadh cóip den tuarascáil ar fáil do scoileanna.</li> <li>• FGL a phleanáil do gach eagraíocht páirtí leasmhar chun déileáil le luathfhágáil scoile.</li> <li>• Clár Samhraidh tairgthe in dhá scoil BOOCM.</li> <li>• Siompóisiam comhpháirteach idir Scoileanna agus ionaid BO chun tacú le hoideachas leantach do Luathfhágáilithe scoile.</li> <li>• Aonach Gairme do gach Mac Léinn i ngach Scoil BOO.</li> <li>• CFM ag feidhmiú go héifeachtach.</li> </ul>
				<p><b>Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn in 2023</b></p> <p>Reáchtáladh raon leathan clár in 2023 lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cláir nua LSSS Cuireadh tús le cúrsaí páirtaimseartha Tiomána Trucaillí Dochta in An Cabhán agus Muineachán, le clár Ceannaigh, agus le ceardlanna LSSS i scoileanna.</li> <li>• Leathnú mórsála ar sholáthar BCTE chun freastal ar riachtanais na nÚcránach atá ag teacht chomh fada le An Cabhán agus Muineachán sa dá chontae agus ghlac breis is 600 rannpháirtí páirt sna cláir seo.</li> <li>• Forbairt a dhéanamh ar chláir do na cúrsaí tráthnóna, tairiscintí cláir agus líon na tráthnóna a bhfuil cúrsaí á tairiscint</li> <li>• Cláir nua Scileanna atá le Forbairt curtha ar fáil agus fostóirí nua ceaptha.</li> </ul>		

